# Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath

## Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite

## don bhliain dar críoch an 31 Lúnasa 2022

## Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath

## Clár Ábhar


| | Leathanach |
|---|---|
| RÁITEAS FAOI FHREAGRACHTAÍ OLLSCOIL TEICNEOLAÍOCHTA BHAILE ÁTHA CLIATH | 3 |
| RÁITEAS FAOI RIALÚ INMHEÁNACH | 4-13 |
| TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE | 14-16 |
| RÁITEAS COMHDHLÚITE FAOI IONCAM CUIMSITHEACH | 17-18 |
| RÁITEAS COMHDHLÚITE FAOI ATHRUITHE I gCÚLCHISTÍ AGUS SA CHUNTAS CAIPITIL | 19 |
| RÁITEAS COMHDHLÚITE FAOIN STAID AIRGEADAIS | 20 |
| RÁITEAS COMHDHLÚITE FAOI SHREABHADH AIRGID | 21 |
| NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS | 22-51 |

## Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath

## Ráiteas faoi Fhreagrachtaí Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath

Bunaíodh Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (an Ollscoil) faoi théarmaí Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta, 2018 (an tAcht), agus an Ordaithe um Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta, 2018 (Alt 36) (An Lá Ceaptha), 2018 (I.R. Uimh. 437 de 2018).

Faoin Acht, ceanglaítear ar an Ollscoil ráitis airgeadais a ullmhú ina dtugtar léargas fírinneach cóir ar staid ghnóthaí na hOllscoile ag an 31 Lúnasa 2022 agus ar a hioncam agus a caiteachas don tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2021 go dtí an 31 Lúnasa 2022.

Agus na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite sin á n-ullmhú aici, ceanglaítear ar an Ollscoil:

- Beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach.
- Breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus stuama a dhéanamh.
- Na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, ach amháin i gcás go bhfuil sé míchuí déanamh amhlaidh.
- Aon imeachtaí ábhartha ó chaighdeáin chuntasaíochta is infheidhme a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Ollscoil freagrach as taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choimeád, ina nochtar go réasúnta cruinn ag am ar bith staid airgeadais na hOllscoile agus lena gcuirtear ar a cumas a chinntiú go gcomhlíonann na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta, 2018.

Tá an Ollscoil freagrach freisin as a sócmhainní a chosaint agus as bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.



**Sínithe:** ______________________

**An Dr Charles Larkin**
**Cathaoirleach an Chomhlachta Ceannais**
**Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath**



**Sínithe:** ______________________

**An tOllamh David FitzPatrick**
**Uachtarán**
**Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath**

**Dáta:** **13 Nollaig 2023**

# Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
# Ráiteas faoi Rialú Inmheánach
# Don bhliain dar críoch an 31 Lúnasa 2022

Is ceanglas éigeantach (rannán 2.7 de Chód Rialachais Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath) é Ráiteas faoi Rialú Inmheánach a ullmhú, rud ina leagann eintitis amach an cur chuige i leith bainistíocht riosca, rialú inmheánach agus rialachas corparáideach agus an fhreagracht as na nithe sin.

**1) Freagracht as an gCóras Rialaithe Inmheánaigh**

Tá freagracht fhoriomlán ar an gComhlacht Ceannais as córas rialaithe inmheánaigh na hOllscoile. Cumhdaíonn an córas rialaithe inmheánaigh gach rialú ábhartha, lena n-áirítear rialuithe airgeadais, rialuithe oibriúcháin agus rialuithe comhlíonta agus córais bhainistíochta riosca a thacaíonn le haidhmeanna agus cuspóirí na hOllscoile a bhaint amach agus a chosnaíonn an pobal mar aon le cistí agus sócmhainní eile as a bhfuil an Ollscoil freagrach.

**(2) Dearbhú Réasúnach in aghaidh Earráid Ábhartha**

Tá córas Rialaithe Inmheánaigh na hOllscoile deartha chun riosca a bhainistiú, seachas deireadh a chur leis, á aithint nach féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnach, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí agus go gcoisctear earráidí nó mírialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí ar bhealach tráthúil iad.

**(3) Ráiteas faoi Rialú Inmheánach**

Athbhreithníodh an Ráiteas faoi Rialú Inmheánach ag an gCruinniú de chuid an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca an 7 Samhain 2023. Foilsítear an Ráiteas faoi Rialú Inmheánach i gcomhar le ráitis airgeadais chomhdhlúite na hOllscoile, a ndearna an Comhlacht Ceannais iad a cheadú an 29 Samhain 2023.

**(4) Rialachas agus an Timpeallacht Rialaithe Inmheánaigh**

Is é an Comhlacht Ceannais an príomhchomhlacht rialachais agus cinnteoireachta Ollscoile de réir Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta, 2018. Tá an Comhlacht Ceannais faoi chathaoirleacht ag Cathaoirleach neamhspleách arna c(h)eapadh de réir Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta, 2018.

Tá cúig bhuanchoiste ag an gComhlacht Ceannais: an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca; an Coiste Airgeadais agus Maoine; an Coiste Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe; an Coiste Ainmniúchán; agus an Coiste Ainmniúchán agus Próiseas. Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca faoi chathaoirleacht ag comhalta seachtrach den Chomhlacht Ceannais. Breithníonn na coistí na nithe a thagann faoina dTéarmaí Tagartha faoi seach, agus déanann siad moltaí don Chomhlacht Ceannais, nuair is cuí. Tugann gach cathaoirleach coiste tuairisc don Chomhlacht Ceannais tar éis gach cruinnithe coiste.

Is é/í an tUachtarán Príomhoifigeach na hOllscoile agus is é an Comhlacht Ceannais a cheapann é/í. Tá an tUachtarán freagrach as gníomhaíochtaí acadúla, gníomhaíochtaí tacaíochta gairmiúla agus gníomhaíochtaí eile na hOllscoile a bhainistiú agus a stiúradh.

Faigheann an tUachtarán tacaíocht ó Fhoireann Feidhmiúcháin na hOllscoile, a ceapadh i mí Mheán Fómhair 2021. Cabhraíonn Foireann Feidhmiúcháin na hOllscoile leis an Uachtarán formhaoirseacht a dhéanamh ar threo straitéiseach na hOllscoile agus a misean a chomhlíonadh; agus cinntíonn sí go mbíonn ceannaireacht, bainistíocht agus comhordú éifeachtach ann i leith na mórghníomhaíochtaí acadúla agus tacaíochta uile a sheolann an Ollscoil. Cuimsíonn Foireann Feidhmiúcháin na hOllscoile an Cláraitheoir agus an Leas-Uachtarán, an Príomhoifigeach Oibríochtaí, cúigear Déan Dáimhe, an Leas-Uachtarán um Chomhpháirtíochtaí, an Leas-Uachtarán um Thaighde agus Nuálaíocht, an Leas-Uachtarán um Athrú Eagraíochta agus Cultúr, agus an Leas-Uachtarán um Inbhuanaitheacht.

I ngnáthchúrsa an ghnó, is féidir go ndéanfaidh an Ollscoil socruithe conarthacha le gnóthais ina bhfuil comhaltaí de Chomhlacht Ceannais na hOllscoile fostaithe nó ina bhfuil leas acu ar shlí eile. Ghlac an Ollscoil nósanna imeachta de réir Chód Rialachais na hOllscoile i ndáil le nochtadh leasanna ag comhaltaí den Chomhlacht Ceannais, agus chomhlíon an Ollscoil na nósanna imeachta sin le linn na tréimhse.

## Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach
## Don bhliain dar críoch an 31 Lúnasa 2022

Le linn na tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2021 go dtí an 31 Lúnasa 2022, thionóil an Ollscoil ocht gcruinniú de chuid an Chomhlachta Ceannais, agus tá freastal na gcomhaltaí ar na cruinnithe sin leagtha amach thíos. Is leagtha amach thíos freisin atá roinnt comhaltaí a ceapadh chuig an gComhlacht Ceannais nó a d'éirigh as le linn na tréimhse seo.

| COMHLACHT CEANNAIS COMHALTA | I LÁTHAIR | AS LÁTHAIR | FREASTAL UASTA | DÁTA CEAPACHÁIN |
|---|---|---|---|---|
| Barrett, Lesley[1] | 6 | 1 | 7 | 1 Iúil 2021 |
| Beecher, Noel[2] | 1 | 0 | 1 | 24 Meitheamh 2020 |
| Bejarano-Cañizares, Ana[3] | 0 | 1 | 1 | 1 Iúil 2021 |
| Bistany, Valerie | 6 | 2 | 8 | 1 Iúil 2019 |
| Burns, Norah | 8 | 0 | 8 | 23 Meitheamh 2021 |
| Carr, Michael | 8 | 0 | 8 | 12 Bealtaine 2021 |
| Carson, David (Cathaoirleach) | 8 | 0 | 8 | 1 Eanáir 2021 |
| Carroll, Evelyn | 8 | 0 | 8 | 1 Iúil 2019 |
| Cullen, Margaret[4] | 3 | 0 | 3 | 23 Márta 2022 |
| Duffy, Christy | 7 | 1 | 8 | 3 Feabhra 2021 |
| Finan, Éilish[5] | 6 | 1 | 7 | 1 Iúil 2019 |
| FitzPatrick, David (Uachtarán) | 8 | 0 | 8 | 1 Eanáir 2019 |
| Grant, Jerry | 7 | 1 | 8 | 1 Iúil 2019 |
| Jordan, Brian | 1 | 0 | 1 | 1 Iúil 2022 |
| Kavanagh, Louise | 1 | 0 | 1 | 1 Iúil 2022 |
| Kelly, Pamela | 8 | 0 | 8 | 1 Iúil 2019 |
| Larkin, Charles | 8 | 0 | 8 | 1 Iúil 2019 |
| Maher, Eamon | 6 | 2 | 8 | 1 Iúil 2021 |
| McCarthy, Justin | 6 | 2 | 8 | 1 Iúil 2019 |
| Clune Mulvaney, Catherine | 8 | 0 | 8 | 23 Meitheamh 2021 |
| O'Donnell, Mark[6] | 5 | 2 | 7 | 1 Iúil 2021 |
| O'Donovan, Conor | 6 | 2 | 8 | 23 Meitheamh 2021 |
| O'Shaughnessy, Susan | 8 | 0 | 8 | 1 Iúil 2019 |
| O'Toole, Aileen | 6 | 2 | 8 | 1 Iúil 2019 |
| Perez, Jessica | 1 | 0 | 1 | 1 Iúil 2022 |
| Ryan, Maggie | 8 | 0 | 8 | 1 Iúil 2021 |
| Sheridan, Stephen[7] | 2 | 4 | 6 | 9 Nollaig 2021 |

*1 Chríochnaigh Lesley Barrett a téarma oifige an 30 Meitheamh 2022.*
*2 D'éirigh Noel Beecher as an gComhlacht Ceannais an 25 Samhain 2021.*
*3 Chríochnaigh Ana Cañizares-Bejarano a téarma oifige an 13 Deireadh Fómhair 2021.*
*4 D'éirigh Margaret Cullen as an gComhlacht Ceannais an 16 Meitheamh 2022.*
*5 D'éirigh Éilish Finan as an gComhlacht Ceannais an 30 Meitheamh 2022.*
*6 Chríochnaigh Mark O'Donnell a théarma oifige an 30 Meitheamh 2022.*
*7 Chríochnaigh Stephen Sheridan a théarma oifige an 30 Meitheamh 2022.*

# Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
# Ráiteas faoi Rialú Inmheánach
# Don bhliain dar críoch an 31 Lúnasa 2022

**Freastal ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca**

Le linn na bliana ón 1 Meán Fómhair 2021 go dtí an 31 Lúnasa 2022, thionóil an Ollscoil ocht gcruinniú de chuid an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, agus tá freastal na gcomhaltaí ar na cruinnithe sin leagtha amach thíos.

| COMHALTA DEN CHOISTE INIÚCHÓIREACHTA AGUS RIOSCA | I LÁTHAIR | AS LÁTHAIR | FREASTAL UASTA | DÁTA CEAPACHÁIN |
|---|---|---|---|---|
| Fallon, Gerard [1] | 2 | 1 | 3 | 1 Eanáir 2019 |
| Mulcahy, Kieran [2] | 3 | 0 | 3 | 1 Eanáir 2019 |
| O'Donovan, Mirenda | 5 | 3 | 8 | 6 Feabhra 2019 |
| O'Toole, Aileen | 8 | 0 | 8 | 29 Iúil 2019 |
| Beecher, Noel (Cathaoirleach) [3] | 3 | 0 | 3 | 24 Meitheamh 2020 |
| Clune Mulvaney, Catherine | 5 | 0 | 5 | 9 Nollaig 2021 |
| Finan, Éilish [4] | 6 | 1 | 7 | 23 Meitheamh 2021 |
| Russell, Eamonn | 1 | 1 | 2 | 11 Bealtaine 2022 |

**Freastal ar an gCoiste Airgeadais agus Maoine**

Le linn na bliana ón 1 Meán Fómhair 2021 go dtí an 31 Lúnasa 2022, thionóil an Ollscoil cúig chruinniú de chuid an Choiste Airgeadais agus Maoine, agus tá freastal na gcomhaltaí ar na cruinnithe sin leagtha amach thíos.

| COMHALTA DEN CHOISTE AIRGEADAIS AGUS MAOINE | I LÁTHAIR | AS LÁTHAIR | FREASTAL UASTA | DÁTA CEAPACHÁIN |
|---|---|---|---|---|
| Finan, Éilish [5] | 3 | 0 | 3 | 2 Samhain 2019 |
| FitzPatrick, David (Uachtarán) | 0 | 5 | 5 | 6 Samhain 2019 |
| Grant, Jerry (Cathaoirleach) | 5 | 0 | 5 | 6 Samhain 2019 |
| Fleming, Margaret | 5 | 0 | 5 | 11 Nollaig 2019 |
| Gunning, Olive | 3 | 2 | 5 | 16 Eanáir 2020 |
| Pender, Jim | 5 | 0 | 5 | 16 Eanáir 2020 |
| Carr, Michael | 3 | 2 | 5 | 12 Bealtaine 2021 |

1 *D'éirigh Gerard Fallon as an 31 Nollaig 2021*

2 *D'éirigh Kieran Mulcahy as an 31 Nollaig 2021*

3 *D'éirigh Noel Beecher as an 25 Samhain 2021*

4 *Ceapadh Éilish Finan mar Chathaoirleach ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca an 9 Nollaig 2021. Aistríodh ón gCoiste Airgeadais agus Maoine í. D'éirigh sí as an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca agus as an gComhlacht Ceannais an 30 Meitheamh 2022.*

5 *D'aistrigh Éilish Finan ón gCoiste Airgeadais agus Maoine chuig an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca an 9 Nollaig 2021*

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| O'Donovan, Conor | 1 | 0 | 1 | 24 Eanáir 2022 |

**Freastal ar an gCoiste Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe**

Le linn na tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2021 go dtí an 31 Lúnasa 2022, thionóil an Ollscoil sé chruinniú de chuid an Choiste Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe. Tá freastal na gcomhaltaí ar na cruinnithe sin leagtha amach thíos.

| COMHALTA DEN CHOISTE COMHIONANNAIS, ÉAGSÚLACHTA AGUS CUIMSITHE | I LÁTHAIR | AS LÁTHAIR | FREASTAL UASTA | DÁTA CEAPACHÁIN |
|---|---|---|---|---|
| Bistany, Valerie | 2 | 4 | 6 | 6 Samhain 2019 |
| Carroll, Evelyn | 6 | 0 | 6 | 6 Samhain 2019 |
| FitzPatrick, David (Uachtarán) | 1 | 5 | 6 | 6 Samhain 2019 |
| McCarthy, Justin (Cathaoirleach) | 6 | 0 | 6 | 6 Samhain 2019 |
| O'Shaughnessy, Susan | 5 | 1 | 6 | 6 Samhain 2019 |
| Burke, Noelle | 0 | 6 | 6 | 11 Nollaig 2019 |
| Craddock, Gerald M | 5 | 1 | 6 | 11 Nollaig 2019 |
| Holzer, Talita | 6 | 0 | 6 | 11 Nollaig 2019 |
| Folamh (Aontas na Mac Léinn) | n/b | n/b | n/b | n/b |

**Freastal ar an gCoiste Ainmniúchán agus ar an gCoiste Ainmniúchán agus Próiseas**

Ní thagann na coistí seo le chéile ach amháin de réir mar is gá chun folúntais a líonadh ar an gComhlacht Ceannais. Tugann siad cúnamh agus comhairle don Chomhlacht Ceannais maidir le socruithe éifeachtacha le haghaidh a chinntiú go gcuirtear a chuid freagrachtaí chun feidhme de réir alt 12(1) d'Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta. Áirítear leo sin formhaoirseacht rialachais a dhéanamh ar cheapadh na rialachán agus na nósanna imeachta de chuid na hOllscoile a bhaineann le seoladh toghchán, ainmniúcháin a iarraidh le haghaidh ceapachán, agus ceapadh comhaltaí a mholadh don Chomhlacht Ceannais.
Le linn na tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2021 go dtí an 31 Lúnasa 2022, thionóil an Ollscoil cruinniú amháin de chuid an Choiste Ainmniúchán agus Próiseas. Tá freastal na gcomhaltaí ar an gcruinniú sin leagtha amach thíos.

| COMHALTA DEN CHOISTE AINMNIÚCHÁN AGUS PRÓISEAS | I LÁTHAIR | AS LÁTHAIR | FREASTAL UASTA | DÁTA CEAPACHÁIN |
|---|---|---|---|---|
| FitzPatrick, David | 1 | 0 | 1 | 6 Samhain 2019 |
| Kelly, Pamela | 1 | 0 | 1 | 6 Samhain 2019 |
| Bistany, Valerie | 1 | 0 | 1 | 1 Márta 2021 |
| Carroll, Evelyn | 1 | 0 | 1 | 1 Márta 2021 |
| Carson, David (Cathaoirleach) | 1 | 0 | 1 | 1 Eanáir 2021 |

Le linn na tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2021 go dtí an 31 Lúnasa 2022, thionóil an Ollscoil cruinniú amháin de chuid an Choiste Ainmniúchán. Tá freastal na gcomhaltaí ar an gcruinniú sin leagtha amach thíos.

| COMHALTA DEN CHOISTE AINMNIÚCHÁN | I LÁTHAIR | AS LÁTHAIR | FREASTAL UASTA | DÁTA CEAPACHÁIN |
|---|---|---|---|---|
| Carson, David (Cathaoirleach) | 1 | 0 | 1 | 1 Eanáir 2021 |
| Grant, Jerry | 1 | 0 | 1 | 1 Márta 2021 |
| O'Toole, Aileen | 1 | 0 | 1 | 1 Márta 2021 |

**(5) Príomhnósanna Imeachta Rialaithe**

Tá bearta á ndéanamh ag Comhlacht Ceannais na hOllscoile chun timpeallacht rialaithe chuí a chinntiú, lena n-áirítear:

- Freagrachtaí bainistíochta a shainiú go soiléir.
- Nósanna imeachta foirmiúla a fhorbairt le haghaidh teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus le haghaidh gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.

Tráth bhunú na hOllscoile, bhí a gCóras Bainistíochta Airgeadais féin ag gach ceann de na trí Institiúid a bhí ann roimhe seo. I gcomhar le EduCampus Services Limited agus leis na soláthraithe córas, uasghrádaíodh gach ceann de na córais sin sular seoladh tionscadal comhtháthaithe. Cuireadh córas aonadach aonair chun feidhme i mí Mheán Fómhair 2021.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar chreat um fhaisnéis thráthrialta bhainistíochta, nósanna imeachta riaracháin, lena n-áirítear leithscaradh dualgas, agus córas tarmligin agus cuntasachta. Go háirithe, cuimsíonn sé nósanna imeachta agus rialacháin atá doiciméadaithe, curtha chun feidhme agus cothrom le dáta, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

- Córas cuimsitheach buiséadaithe, lena ngabhann buiséad bliantúil a n-athbhreithníonn agus a gcomhaontaíonn Comhlacht Ceannais na hOllscoile é.
- Athbhreithniú tráthrialta ag Comhlacht Ceannais na hOllscoile (agus a choistí) ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla, lena n-áirítear tuarascálacha ar fheidhmíocht airgeadais in aghaidh buiséad.
- Treoirlínte maidir le rialú infheistíochta caipitil atá sainithe go soiléir a fhorbairt.
- Disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal a fhorbairt.
- Próisis cháilíochta acadúla do chláir acadúla. Áirítear leo sin scrúdaitheoirí seachtracha, painéil sheachtracha bhailíochtaithe, agus painéil athbhreithnithe (idir phainéil inmheánacha agus phainéil sheachtracha) ag céimeanna éagsúla den timthriall cáilíochta acadúla.

**(6) Nósanna Imeachta maidir le Faireachán a Dhéanamh ar Éifeachtacht an Chórais Rialaithe Inmheánaigh**

Bíonn faireachán agus athbhreithniú an Chomhlachta Ceannais ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh bunaithe ar obair an Uachtaráin agus na bhfoirne ardcheannaireachta laistigh den Ollscoil, atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil, ar obair na feidhme Iniúchóireachta Inmheánaí agus ar obair an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, a dhéanann formhaoirseacht ar obair na feidhme Iniúchóireachta Inmheánaí agus a chomhaontaíonn an plean Iniúchóireachta Inmheánaí don bhliain.

Críochnaíodh athbhreithniú foirmiúil ar éifeachtacht an chórais rialuithe inmheánacha don bhliain dar críoch an 31 Lúnasa 2022. Bhreithnigh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an t-athbhreithniú sin an 2 Samhain 2022, agus cheadaigh an Comhlacht Ceannais é an 23 Samhain 2022. Gach bliain, déanann an fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí Athbhreithniú ar Rialuithe Inmheánacha Airgeadais. Áirítear le raon feidhme an athbhreithnithe sin na nósanna imeachta rialaithe inmheánaigh airgeadais atá i bhfeidhm laistigh den Ollscoil. I gcás na tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2021 go dtí an 31 Lúnasa 2022, díríodh san Athbhreithniú ar Rialuithe

# Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
# Ráiteas faoi Rialú Inmheánach
# Don bhliain dar críoch an 31 Lúnasa 2022

Inmheánacha Airgeadais ar thástáil agus scrúdú a dhéanamh ar na taifid atá i bhfeidhm ag Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath maidir le hairgead sa bhanc agus airgead tirim, maidir le hioncam agus cuntais is infhaighte, agus maidir le buiséadú agus tuairisciú airgeadais. Áirítear iad seo a leanas leis na moltaí a cuireadh chun feidhme mar thoradh ar an athbhreithniú sin: a chinntiú go gcoimeádtar doiciméadacht níos láidre ar thuarascálacha réitigh agus go n-ullmhaítear réitigh bhainc ar bhealach níos tráthúla; agus na beartais agus na nósanna imeachta uileghabhálacha is infheidhme maidir le fophróisis airgeadais a dhoiciméadú, a athbhreithniú agus a chur in iúl. Leagadh an tAthbhreithniú ar Rialuithe Inmheánacha Airgeadais faoi bhráid an Chomhlachta Ceannais ag an gcruinniú dá chuid an 23 Samhain 2022. Ní raibh aon laigí ann i rialú inmheánach as ar tháinig caillteanais ábhartha le linn na tréimhse atá i gceist.

**Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh**

Ag teacht sna sála ar an athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialuithe inmheánacha, tháinig dhá shaincheist chun solais lenar léiríodh laigí i rialú inmheánach:

i. Le linn di athbhreithniú a dhéanamh ar na hiarmhéideanna tosaigh don bhliain airgeadais 2021/22, shainaithin an Ollscoil earráid chuntasaíochta sa dóigh ar ríomhadh an t-ioncam agus an fabhrú ag an 31 Lúnasa 2021 i ndáil leis an Deontas Athfhillteach ón Údarás um Ard-Oideachas. Cuireadh an earráid sin in iúl don Chomhlacht Ceannais ag an gcruinniú dá chuid i mí an Mhárta 2023, agus cuireadh in iúl don Údarás um Ard-Oideachas í i mí Aibreáin 2023 mar chuid dá cheanglais tuairiscithe. Ba i mí Aibreáin 2023 freisin a cuireadh an earráid in iúl don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste nuair a bhí dréacht-Ráitis Airgeadais á gcur isteach ag an gComhlacht Ceannais. Cainníochtaíodh an tsuim a bheith ina míshonrú carnach cuntasaíochta €7 milliún ar ghlansócmhainní. Rinneadh coigeartú ar fhigiúirí na bliana roimhe dá bharr sin. Dá réir sin, bhí laghdú €4.53 milliún ann i gcúlchistí ioncaim a tugadh ar aghaidh amhail an 1 Meán Fómhair 2020. Bhí laghdú €2.47 milliún ann san ioncam agus sa ghlanbharrachas don bhliain 2020/2021 freisin, cothrom le coigeartú iomlán €7 milliún ar ghlansócmhainní go dtí an 31 Lúnasa 2021. Thug an Ollscoil fógra don Údarás um Ard-Oideachas faoi sin, mar a cheanglaítear faoi alt 20 d'Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta, 2018.

ii. I mí Iúil 2023, chuir Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath an tÚdarás um Ard-Oideachas ar an eolas faoi easnamh réamh-mheasta méadaitheach don bhliain 2022/23, rud a measadh a bheith cothrom le €10 milliún, i gcomparáid leis an easnamh buiséid oibriúcháin €2.78 milliún a tuairiscíodh don Údarás i mí Aibreáin 2023. Tharla sé sin mar gheall ar laghdú sa líon mac léinn don Bhliain Acadúil 2022/23, ar laghdú é nár cuireadh san áireamh roimhe sin nuair a bhí na réamh-mheastacháin airgeadais á n-ullmhú. Mar gheall ar an moill a bhí ann ar fhaireachán a dhéanamh ar an líon mac léinn, agus mar gheall ar an tionchar gaolmhar ar Ioncam Táillí Teagaisc, chuir an tÚdarás um Ard-Oideachas ábhair imní in iúl maidir lena iontaofa agus a thráthúla a bhí an tuairisciú agus an réamhaisnéisiú airgeadais.

Is leagtha amach thíos atá na gníomhartha a rinneadh chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin, mar aon leis na moltaí a rinneadh ina leith.

I mí Iúil 2023, d'iarr Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath cúnamh ar an Údarás um Ard-Oideachas faoi alt 142(2) d'Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022, chun tacú leis an Ollscoil aghaidh a thabhairt ar na nithe lena mbaineann agus iad a réiteach. Cheap an tÚdarás BDO chun athbhreithniú neamhspleách a dhéanamh. Chuir BDO tús leis an athbhreithniú uaidh i mí Lúnasa 2023. Chríochnaigh sé an t-athbhreithniú i mí Dheireadh Fómhair 2023, agus d'eisigh sé an tuarascáil uaidh chuig an Údarás agus chuig Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath i mí Dheireadh Fómhair 2023. Leagadh an tuarascáil sin faoi bhráid an Chomhlachta Ceannais an 11 Deireadh Fómhair 2023.

# Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
# Ráiteas faoi Rialú Inmheánach
# Don bhliain dar críoch an 31 Lúnasa 2022

Ghabh Foireann Feidhmiúcháin na hOllscoile uirthi féin na moltaí achoimrithe seo a leanas atá sa tuarascáil sin a chur chun feidhme láithreach:

a) Doiciméadú a dhéanamh ar phróisis um fhabhruithe agus suimeanna iarchurtha a ríomh agus ar phróisis um réamhaisnéisiú airgeadais, don deontas athfhillteach agus d'ioncam táillí araon
b) Athruithe a dhéanamh ar na próisis um thuairisciú táillí teagaisc agus um réamhaisnéisiú táillí teagaisc
c) Gníomhartha a dhéanamh chun earráid dhaonna agus míríomh a mhaolú le linn an líon mac léinn a réamhaisnéisiú
d) Cur chun feidhme a dhéanamh ar phróiseas críochnúil láidir athbhreithnithe le haghaidh réamh-mheastacháin ioncaim
e) Athbhreithniú trasrannach a dhéanamh ar éifeachtacht oibriúcháin na n-athruithe sin le linn na Bliana Airgeadais 2023/24, agus aon saincheisteanna ábhartha a dhoiciméadú agus fógra a thabhairt don lucht ardbhainistíochta, don Chomhlacht Ceannais agus don Údarás um Ard-Oideachas fúthu.

Tá moltaí a) go c) thuas curtha chun feidhme. Tá obair ar siúl chun moltaí d) agus e) a chur chun feidhme, agus táthar ag súil leis go gcuirfear iad i gcrích faoi dheireadh na bliana dar críoch an 31 Lúnasa 2024.

Leanann an tÚdarás um Ard-Oideachas le faireachán a dhéanamh ar an staid, agus tá tuilleadh oibre á thionscnamh aige le comhaontú na hOllscoile.

**(7) Iniúchóireacht Inmheánach**

Is é soláthraí seachtrach a bhainistíonn agus a oibríonn feidhm iniúchóireachta inmheánaí na hOllscoile. Cuirtear an obair iniúchóireachta inmheánaí i gcrích de réir na dtreoirlínte Dea-Chleachtais atá leagtha amach i gCód Rialachais Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, rud atá ceadaithe ag an gComhlacht Ceannais. Bíonn obair na feidhme Iniúchóireachta Inmheánaí bunaithe ar anailís ar an riosca a mbíonn an Ollscoil neamhchosanta air, agus bíonn pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí bunaithe ar an anailís sin. Is é Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an Chomhlachta Ceannais a cheadaíonn na pleananna.

Tugann an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí tuairisc don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca. Áirítear leis sin an t-eolas is deireanaí a thabhairt ar mholtaí ó athbhreithnithe iniúchóireachta inmheánaí. Tháinig an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca le chéile ocht n-uaire le linn na bliana airgeadais dar críoch an 31 Lúnasa 2022, agus leagadh tuairiscí ar gach cruinniú faoi bhráid an Chomhlachta Ceannais.

Rinneadh ocht gcinn d'athbhreithnithe Iniúchóireachta Inmheánaí le linn na bliana, mar atá leagtha amach thíos:

1. Athbhreithniú ar Rialuithe Inmheánacha Airgeadais 2022
2. Bainistíocht Athruithe
3. Bainistíocht Tionscadal
4. Soláthar
5. Leanúnachas Gnó agus Athshlánú ó Thubaiste
6. Earcaíocht Mac Léinn
7. Bainistíocht Riosca (Athbhreithniú Comhairleach/Eatramhach)
8. Tuarascáil Rianúcháin Iniúchóireachta Inmheánaí

I gcás na n-ocht gcinn d'Athbhreithnithe Iniúchóireachta Inmheánaí atá liostaithe thuas, ba ann d'fhionnachtain amháin a measadh a bheith suntasach, ba í sin:

- **Pleananna Leanúnachais Gnó, tástáil, agus Ceachtanna a Foghlaimíodh a bheith in Easnamh**

I bhfianaise Pleananna Leanúnachais Gnó a bheith in easnamh ar leibhéal dáimhe, is amhlaidh atá riosca ann nach eol do bhaill foirne conas freagairt do chur isteach. D'fhéadfadh cur isteach fada ar an eagraíocht teacht as sin, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le caillteanais oibriúcháin, le dochar do chlú, agus le saincheisteanna Sláinte agus Sábháilteachta do bhaill foirne agus d'úsáideoirí dáimhe araon. Gan aon

phróiseas ná aon chur chuige foirmiúil a bheith i bhfeidhm le haghaidh Pleananna Leanúnachais Gnó a thástáil, is féidir nach mbeidh an lucht bainistíochta in ann sainaithint a dhéanamh ar theipeanna ná laigí a mbeadh tionchar acu ar an gcumas chun oibríochtaí gnó a athbhunú ar bhealach tráthúil. In éagmais plean tástála leordhóthanach iomlán, agus in éagmais próiseas le haghaidh ceachtanna a foghlaimíodh a ghabháil, tá riosca ann nach n-oibreoidh an Plean Leanúnachais Gnó mar a bhí beartaithe nó nach ngabhfar aon cheachtanna a foghlaimíodh.

Rinneadh an ghníomhaíocht seo a leanas ó tugadh an tuarascáil seo chun críche i mí Feabhra 2023:

- Dréachtaíodh Pleananna Leanúnachais Gnó do Sheirbhísí Teicneolaíochta agus do Champais agus Eastáit, agus scaipeadh ar na bainisteoirí iomchuí uile iad.
- Dréachtaíodh Beartas Leanúnachais Gnó.
- Tá sceidil scanadh líonra, oiliúna agus tástála treáite i bhfeidhm do na blianta 2023 agus 2024, rud a seolfaidh HEAnet é.
- Plean Leanúnachais Gnó.
- Táthar ag súil leis go mbeidh a bPleananna Leanúnachais Gnó aonair dréachtaithe ag Déin agus ag Cinn Seirbhíse faoi dheireadh na bliana 2023.

Áiríodh rátáil dearbhaithe theoranta leis an Tuarascáil Bhliantúil Iniúchóireachta Inmheánaí 2021/22 a soláthraíodh don Ollscoil tar éis dheireadh na bliana i mí na Samhna 2022. Tuairiscíodh an rátáil sin don Chomhlacht Ceannais i mí na Samhna 2022. Tugadh an rátáil mar gheall ar roinnt míreanna a bheith fós amuigh ó iniúchtaí oidhreachta. Ina lán cásanna, cuireadh beartais agus próisis nua in ionad na míreanna sin. Dhírigh an Ollscoil ar aghaidh a thabhairt ar an oiread míreanna oscailte agus is praiticiúil agus ar iad a dhúnadh roimh athbhreithniú na bliana 2023 ar an gcóras rialaithe inmheánaigh. Tá an Dearadh Eagraíochta nua leabaithe anois, agus tugadh na húinéirí gníomhaíochta cothrom le dáta chun é sin a léiriú. D'fhonn míreanna oscailte oidhreachta a dhúnadh faoi mhí na Nollag 2023, bíonn míreanna oscailte gníomhaíochta Iniúchóireachta Inmheánaí ar an gclár oibre do chruinnithe bainistíochta, idir chruinnithe duine le duine agus chruinnithe na foirne Ardcheannaireachta.

### (8) Bainistíocht Riosca

Cheadaigh an Comhlacht Ceannais Ráiteas na hOllscoile faoi Fhonn Riosca agus Clár Rioscaí na hOllscoile an 24 Lúnasa 2022 ar an mbonn go mbeadh na doiciméid sin faoi réir athbhreithniú agus feabhsú leanúnach. Rinne an Comhlacht Ceannais an Beartas agus Creat Bainistíochta Riosca a athbhreithniú, a thabhairt cothrom le dáta agus a cheadú an 23 Samhain 2022. Ba i mí na Nollag 2019 a cheadaigh an Comhlacht Ceannais é ar dtús.

Leis an gCreat, cuirtear próiseas i bhfeidhm trína measúnaítear rioscaí ar bhonn an tionchair a bheidh acu agus ar bhonn na dóchúlachta go dtarlóidh siad. Le linn na bliana, bainistíodh riosca trí chláir rioscaí oibriúcháin, trí chlár rioscaí na hOllscoile, agus trí phleananna gníomhaíochta ar fhorbair feidhmeanna seirbhíse scoile agus tacaíochta iad. Forbraíodh an Dearadh Eagraíochta don Ollscoil arís eile tráth a ceapadh Ardbhainisteoir Riosca agus Árachais agus a bunaíodh Coiste Bainistíochta Riosca, rud ar fochoiste de chuid Fhoireann Feidhmiúcháin na hOllscoile é. Tugann sé sin dearbhú breisithe d'Fhoireann Feidhmiúcháin na hOllscoile, don Chomhlacht Ceannais agus do Choiste Iniúchóireachta agus Riosca an Chomhlachta Ceannais go bhfuil córas cuí éifeachtach bainistíochta riosca i bhfeidhm san Ollscoil.

Aithníonn an Ollscoil gurb ionann riosca agus réimse ar gá díriú leanúnach a leagan air. Aithníonn sí freisin gur próiseas atriallach feabhsúcháin leanúnaigh atá sa chreat beartais sin a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta.

### (9) Cistiú Tacaíochta Covid-19

Sa bhliain acadúil 2021/22, tháinig laghdú ar an tionchar a bhí ag paindéim Covid-19 ar oibriú na hOllscoile, ar a baill foirne agus ar a mic léinn. Lean an tÚdarás um Ard-Oideachas le tacaíocht cistiúcháin Covid-19 a leithdháileadh ar an Ollscoil le linn na bliana 2022. Aithnítear go bhfuarthas cistiú €2.80 milliún sa Bhliain Airgeadais 2022. Táthar ag súil leis go n-aithneofar suimeanna breise is fiú €1.37 milliún sa Bhliain Airgeadais 2023. I ngach cás, tá leithdháiltí tacaíochta cistiúcháin Covid-19 ón Údarás um Ard-Oideachas fós faoi réir na gcoinníollacha iomchuí cistiúcháin atá leagtha amach ag an Údarás.

### (10) Cód Rialachais agus Cóid Iompair agus an Ráiteas Rialachais Bliantúil

Ullmhaíodh an Cód Rialachais don Ollscoil (an Cód), ina bhfuil ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016), agus ghlac Comhlacht Ceannais na hOllscoile é an 10 Aibreán 2019; athbhreithníodh an Cód a thuilleadh ina dhiaidh sin, agus cheadaigh an Comhlacht Ceannais é an 24 Márta 2021. Leagtar amach sa chód ceanglais shonracha um nochtadh airgeadais, ar ceanglais iad atá léirithe sna ráitis airgeadais.

Is é atá sa Ráiteas Rialachais Bliantúil ná na dearbhuithe a thug an Ollscoil don Údarás um Ard-Oideachas maidir le comhlíonadh ceanglas sainithe rialachais aici le linn na tréimhse tuairiscithe. Leis an Ráiteas, ceanglaítear ar an Ollscoil a dheimhniú cé acu a chomhlíon nó nár chomhlíon sí (comhlíon nó mínigh) sraith ceanglas tuairiscithe a eascraíonn as an gCód agus míreanna eile atá ina gcuid d'ionchas an Údaráis um Ard-Oideachas go mbeadh dea-chleachtas agus rialachas ann san earnáil ardoideachais. Ba an 22 Feabhra 2023 a cheadaigh an Comhlacht Ceannais an Ráiteas Rialachais Bliantúil don bhliain dar críoch an 31 Lúnasa 2022. Áiríodh leis an Ráiteas sin deimhniú á rá go raibh na Cóid Iompair is gá i bhfeidhm ag an Ollscoil do chomhaltaí agus d'fhostaithe.

### (11) Soláthar

Féachann an Ollscoil le comhlíonadh iomlán nósanna imeachta agus treoirlínte náisiúnta soláthair a chinntiú. Bíonn an Ollscoil ag oibriú go gníomhach leis an Oifig um Sholáthar Rialtais (OGP) agus leis an tSeirbhís um Sholáthar Oideachais chun a chinntiú go dtugtar faoi ghníomhaíochtaí soláthair de réir na samhla oibriúcháin atá curtha i bhfeidhm ag OGP. Tá an tsamhail sin á cur chun feidhme ón mbliain 2013 i leith agus tá an próiseas cur chun feidhme á bhainistiú ag OGP.

Chuir an Ollscoil beartais agus nósanna imeachta soláthair i bhfeidhm, agus ceanglaítear an caiteachas neamhphá ar fad a sholáthar de réir na mbeartas agus na nósanna imeachta sin. Cuireadh na beartais agus na nósanna imeachta sin in iúl d'fhoireann teagaisc agus d'fhoireann neamhtheagaisc na hOllscoile agus tá siad foilsithe ar shuíomh Gréasáin na hOllscoile.
Rinne an Ollscoil íocaíochtaí ab fhiú €1.32 milliún san iomlán le 29 soláthraí sa tréimhse i ndáil le ceannach earraí agus seirbhísí nár cuireadh faoi réir próiseas tairiscintí iomaíocha. Dá bhrí sin, níor chomhlíon na ceannacháin sin treoirlínte náisiúnta soláthair phoiblí. I gcás na 29 soláthraí sin, tá 19 gconradh is fiú €0.96 milliún san iomlán i bhfeidhm anois, agus tá tairiscintí ar siúl do cheithre sholáthraí eile. Cuireadh caiteachas ar fionraí i leith na sé sholáthraí eile, agus atreoraíodh ceannaitheoirí chuig soláthraithe eile atá ar chreat-chomhaontuithe atá ann cheana. Cuireadh na bearta maolaitheacha seo a leanas chun feidhme freisin:

- Cláraitheoir conarthaí beo a dhearadh, rud a athbhreithnítear agus a thugtar cothrom le dáta gach seachtain agus lena ndírítear ar na nithe seo a leanas:
    - Gach conradh beo
    - Tionscadail tairisceana atá ar siúl
    - Soláthraithe Aonair (Soláthar neamhiomaíoch)
- Tuarascálacha neamhchomhlíonta a anailísiú gach mí chun caiteachas neamhchomhlíontach a bhainistiú go réamhghníomhach
- Modúl Cuntasaíochta conarthaí a thabhairt isteach, rud lena liostaítear gach conradh beo agus lena stiúrtar úsáideoirí i dtreo soláthraithe comhlíontacha.
- Fógraí a thabhairt roimh dhul in éag conarthaí
- Oiliúint soláthair a reáchtáil, ina léirítear conas comhlíonadh a bhaint amach agus an comhlíonadh sin a chothabháil.
- Tríd an gcóras airgeadais, seiceálacha a dhéanamh ar chaiteachas ar sholáthraithe ar mó é ná €22,000 gan chonradh
- Leathanach Gréasáin Soláthair atá cothrom le dáta a chothabháil, áit a dtugtar treoir d'úsáideoirí maidir le conas nithe a sholáthar go réamhghníomhach ar aon dul le rialacha soláthair.

Seachas an neamhchomhlíonadh soláthair atá leagtha amach thuas, níor sainaithníodh aon laigí ábhartha eile i soláthar.

**(12) Saincheisteanna Ginearálta Rialachais agus Cuntasachta**

***Nithe Dlí***

I mí Iúil 2018, rinne an Ollscoil léas 20 bliain is fiú €531,000 in aghaidh na bliana ar fhoirgneamh chun saoráidí foirne sa bhreis a sholáthar. Mar gheall ar lochtanna ar struchtúr an fhoirgnimh, a aimsíodh le linn oibreacha athchóirithe i mí an Mhárta 2020, chuir an Ollscoil moill ar an bhfoirgneamh a áitiú.
Réitigh an tiarna talún na lochtanna a sainaithníodh, agus d'áitigh an Ollscoil an foirgneamh den chéad uair i mí Iúil 2021. Tionscnaíodh imeachtaí dlí ina dhiaidh sin in aghaidh an tiarna talún i ndáil leis na costais a thabhaigh an Ollscoil mar gheall nach raibh sí in ann an t-áitreabh a áitiú ó mhí Iúil 2018 go mí Iúil 2021. Tá na himeachtaí dlí sin fós ar siúl.

***Tuairisciú Rúnda ar Nochtadh***

Deimhníonn an Ollscoil go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le haghaidh Tuairisciú Rúnda ar Nochtadh de réir alt 21(1) den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014. Leis na nósanna imeachta sin, cuirtear ar a gcumas d'fhostaithe ábhair imní a chur in iúl i modh rúin faoi mhírialtachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann i dtuairisciú airgeadais nó faoi aon nithe eile. Cinntítear leo freisin go ndéantar gníomhaíocht leantach fhiúntach i leith na nithe a chuirtear in iúl. Foilsíodh na tuarascálacha bliantúla do na blianta 2021 agus 2022, mar a cheanglaítear faoi alt 22(1) den Acht. Rinneadh dhá imscrúdú faoin mBeartas um Nochtadh Cosanta, agus iad ag baint le nochtaí a rinneadh sa bhliain 2022. Críochnaíodh an dá imscrúdú tar éis dheireadh na bliana, agus thángthas ar an gconclúid sa dá chás nach raibh aon bhunús ann leis na héagóiritheoireachtaí líomhnaithe iomchuí agus nár ghá iad a imscrúdú a thuilleadh.

Thug an Ollscoil a Beartas um Nochtadh Cosanta cothrom le dáta ó shin i leith, ar aon dul leis an Acht um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022.

Níl aon saincheisteanna ginearálta rialachais agus cuntasachta sa bhreis le tuairisciú ag Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath i leith na bliana airgeadais dar críoch an 31 Lúnasa 2022.

**Sínithe:** ______________________

**An Dr Charles Larkin**
**Cathaoirleach an Chomhlachta Ceannais**
**Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath**

**Sínithe:** ______________________

**An tOllamh David FitzPatrick**
**Uachtarán**
**Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath**

**Dáta:** **13 Nollaig 2023**

## Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath

## Tuarascáil ón Iniúchóir

# Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath

# Tuarascáil ón Iniúchóir

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Comptroller and Auditor General

### Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

### Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath

### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath don bhliain dar críoch an 31 Lúnasa 2022, mar a cheanglaítear faoi fhorálacha Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta, 2018. Cuimsíonn na ráitis airgeadais

- an ráiteas comhdhlúite faoi ioncam cuimsitheach
- an ráiteas comhdhlúite faoi athruithe i gcúlchistí agus sa chuntas caipitil
- an ráiteas comhdhlúite faoin staid airgeadais
- an ráiteas comhdhlúite faoi shreabhadh airgid, agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

I mo thuairim, tugtar sna ráitis airgeadais léargas fírinneach cóir ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an ghrúpa ag an 31 Lúnasa 2022 agus ar a ioncam agus a chaiteachas don bhliain dar críoch an dáta sin de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 – *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann*.

#### *Bonn na tuairime*

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht arna bhfógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin. Táim neamhspleách ar an Ollscoil agus chomhlíon mé na freagrachtaí eiticiúla eile atá orm de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor an fhianaise iniúchóireachta a fuair mé agus go bhfuil sí oiriúnach do bhunús a thabhairt le mo thuairim.

### Tuarascáil ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais agus ar ábhair eile

Chuir an Ollscoil faisnéis áirithe eile i láthair i dteannta na ráiteas airgeadais. Cuimsítear san fhaisnéis sin ráiteas faoi fhreagrachtaí Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath agus ráiteas faoi rialú inmheánach. Tá cur síos déanta san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm tuairisc a thabhairt ar fhaisnéis den sórt sin agus ar ábhair áirithe eile ar a dtuairiscím trí eisceacht.

#### *Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair*

Nochtar sa ráiteas faoi rialú inmheánach gur thabhaigh an Ollscoil caiteachas suntasach ar earraí agus seirbhísí ar ina leith nár chomhlíon an soláthar na treoirlínte soláthair. Leagtar amach sa ráiteas freisin na bearta a rinneadh chun comhlíonadh soláthair a fheabhsú.

**Seamus McCarthy**
**An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

**20 Nollaig 2023**

# Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath

# Tuarascáil ón Iniúchóir

## Aguisín leis an tuarascáil

### Freagrachtaí chomhaltaí an Chomhlachta Ceannais

Tá na comhaltaí freagrach as na nithe seo a leanas:

- ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú san fhoirm a fhorordaítear faoi Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta, 2018
- a chinntiú go dtugtar léargas fírinneach cóir sna ráitis airgeadais de réir FRS 102
- a mheasúnú cé acu is cuí nó nach cuí bonn gnóthais leantaigh na cuntasaíochta a úsáid, agus
- cibé rialú inmheánach a mheasann siad a bheith riachtanach chun ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta, 2018, ráitis airgeadais na hOllscoile a iniúchadh agus tuairisciú orthu do Thithe an Oireachtais.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más rud é, ina n-aonar nó sa chomhiomlán, go bhféadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn na ráiteas airgeadais sin.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha a bheith sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bonn a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá cuí sna himthosca, seachas chun tuairim a chur in iúl ar a éifeachtaí atá na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim meastóireacht ar a chuí atá na beartais chuntasaíochta a úsáideadh agus ar a réasúnaí atá na meastacháin chuntasaíochta agus an nochtadh gaolmhar.
- Déanaim cinneadh ar a chuí atá sé bonn gnóthais leantaigh na cuntasaíochta a úsáid agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas, déanaim cinneadh ar cé acu is ann nó nach ann d'éiginnteacht ábhartha a bhaineann le heachtraí nó dálaí a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar an gcumas atá ag an Ollscoil leanúint de bheith ag feidhmiú mar ghnóthas leantach. Má chinnim gurb ann d'éiginnteacht ábhartha, ceanglaítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar an nochtadh gaolmhar sna ráitis airgeadais nó, i gcás nach leor an nochtadh sin, ceanglaítear orm mo thuairim a athrú. Tá mo chinntí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas suas go dáta mo thuarascála. Mar sin féin, d'fhéadfadh eachtraí nó dálaí amach anseo a chur faoi deara go scoirfeadh an Ollscoil de bheith ag feidhmiú mar ghnóthas leantach.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear an nochtadh, agus ar cé acu a chuirtear nó nach gcuirtear na hidirbhearta agus na heachtraí bunúsacha i láthair ar bhealach cóir sna ráitis airgeadais.

Déanaim cumarsáid leis na daoine sin a gcuirtear de chúram orthu plé le rialachas maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht freisin i gcás, i mo thuairimse,

- Nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

#### *Faisnéis seachas na ráitis airgeadais*

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile atá curtha i láthair sna ráitis sin, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I ndáil le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu atá nó nach bhfuil an fhaisnéis eile neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó cé acu is cosúil nó nach cosúil ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha uirthi. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha ar an bhfaisnéis eile sin, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

#### *Tuairisciú ar ábhair eile*

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na tosca speisialta a ghabhann le comhlachtaí a fhaigheann cistiú substaintiúil ón Stát maidir lena mbainistiú agus lena n-oibriú. Tuairiscím i gcás go sainaithním ábhair ábhartha a bhaineann leis an dóigh ar seoladh gnó poiblí.

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Tuairiscím i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh idirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

## Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath

## Ráiteas Comhdhlúite faoi Ioncam Cuimsitheach
## Don bhliain dar críoch an 31 Lúnasa 2022

| | Nóta | 2022 Iomlán | 2021 Mar atá Athluaite Nóta 28 |
|---|---|---|---|
| | | €'000 | €'000 |
| **Ioncam** | | | |
| Deontais Stáit | 3 | 133,947 | 126,766 |
| Táillí Teagaisc | 4 | 91,767 | 91,608 |
| Amúchadh Deontas Caipitil Iarchurtha | 21 | 11,487 | 10,628 |
| Deontais Taighde agus Conarthaí | 5 | 27,314 | 23,289 |
| Cistiú Tacaíochta Mac Léinn | 7 | 3,820 | 2,930 |
| Gnóthachan/(Caillteanas) ar Dhíol Sócmhainní Seasta | 12 | - | (169) |
| Ioncam Eile | 8 | 15,660 | 12,866 |
| Cistiú Iarchurtha Pinsin | 27 | 65,502 | 57,167 |
| Ioncam Úis | | 203 | 3 |
| Gnóthachan ar Infheistíochtaí | | 21 | - |
| **Ioncam Iomlán** | | 349,721 | 325,088 |
| **Caiteachas** | | | |
| Costais Foirne | 9 | 197,199 | 184,688 |
| Costas Sochair Scoir | 27 | 65,502 | 57,167 |
| Speansais Oibriúcháin Eile | 10 | 74,123 | 71,271 |
| Dímheas | 12 | 16,684 | 11,874 |
| **Caiteachas Iomlán** | | 353,508 | 325,000 |
| **Barrachas/(Easnamh) roimh Cháin** | | (3,787) | 88 |
| **Cánachas** | 11 | (15) | (10) |
| **Barrachas/(Easnamh) don bhliain** | | **(3,802)** | **78** |

## Ráiteas Comhdhlúite faoi Ioncam Cuimsitheach (ar lean.)
## Don bhliain dar críoch an 31 Lúnasa 2022

| | Nóta | **2022** | **2021** |
|---|---|---|---|
| | | **Iomlán** | **Mar atá Athluaite** |
| | | | **Nóta 28** |
| | | **€'000** | **€'000** |
| **Barrachas/(Easnamh) don bhliain** | | **(3,802)** | **78** |
| Laghdú i ndliteanais phinsin a d'eascair as daoine a bheith ag dul ar scor sa tréimhse | 27 | (18,242) | (36,490) |
| Caillteanais/(Gnóthachain) ó Thaithí ar Oibleagáidí Sochair Scoir | 27 | - | 13,890 |
| Athruithe sna toimhdí atá taobh thiar de luach reatha na nOibleagáidí Sochair Scoir | 27 | (345,494) | 36,657 |
| **(Gnóthachain)/Caillteanais Achtúireacha Iomlána sa tréimhse** | | (363,736) | 14,057 |
| Coigeartú do chistiú iarchurtha Sochair Scoir | 27 | 363,736 | (14,057) |
| **(Caillteanas)/Ioncam Cuimsitheach Iomlán don Tréimhse** | | **(3,802)** | **78** |

Áirítear leis an Ráiteas Comhdhlúite faoi Ioncam Cuimsitheach na gnóthachain agus na caillteanais uile a aithníodh sa tréimhse.

Tá Nótaí 1 go 30 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

**Sínithe thar ceann an Chomhlachta Ceannais:**

**An Dr Charles Larkin**
**Cathaoirleach an Chomhlachta Ceannais**
**Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath**
**Dáta: 13 Nollaig 2023**

**An tOllamh David FitzPatrick**
**Uachtarán**
**Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath**

## Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath

## Ráiteas Comhdhlúite faoi Athruithe i gCúlchistí agus sa Chuntas Caipitil
## Don bhliain dar críoch an 31 Lúnasa 2022

| | Deontais Chaipitil Iarchurtha €'000 | Cúlchiste Forbartha Caipitil €'000 | Cúlchistí Ioncaim €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **Iarmhéid ag an 31 Lúnasa 2020** | **149,493** | **36,304** | **231,786** | **417,583** |
| Coigeartú ar Fhigiúirí na Tréimhse Roimhe: Ceartúchán ar Earráid a rinneadh maidir leis an Deontas Stáit sna blianta 2019 agus 2020 | | | (4,530) | (4,530) |
| **Iarmhéid ag an 31 Lúnasa 2020 – Mar atá Athluaite Nóta 28** | **149,493** | **36,304** | **227,256** | **413,053** |
| Barrachas don bhliain | - | - | 2,549 | 2,549 |
| Barrachas don bhliain- Coigeartú ar Fhigiúirí na Tréimhse Roimhe: Ceartúchán ar Earráid a rinneadh maidir leis an Deontas Stáit sa bhliain 2021 | | | (2,471) | (2,471) |
| **Glanbharrachas don bhliain – Mar atá Athluaite Nóta 28** | **-** | **-** | **78** | **78** |
| Amúchadh Deontas Caipitil Iarchurtha | (10,628) | - | - | (10,628) |
| Suim a Leithdháileadh ar Chaipiteal | 168,929 | - | - | 168,929 |
| Aistriú chuig an gCúlchiste Forbartha Caipitil | - | 747 | (747) | - |
| Aistriú ón gCúlchiste Forbartha Caipitil | - | (15) | 15 | - |
| Deontas Mionoibreacha Caipitil Stáit a Leithdháileadh ar Chaipiteal | - | - | - | - |
| Tionscadail Chaipitil | - | - | - | - |
| **Iarmhéid ag an 31 Lúnasa 2021 - Mar atá Athluaite Nóta 28** | **307,794** | **37,036** | **226,602** | **571,433** |
| **Coigeartú chun cuntas a thabhairt ar Chúlchistí Tosaigh Fochuideachtaí - Nóta 13** | | 2,547 | 2,547 | |
| Barrachas/(Easnamh) don bhliain | - | - | (3,802) | (3,802) |
| Amúchadh Deontas Caipitil Iarchurtha | (11,487) | - | - | (11,487) |
| Suim a Leithdháileadh ar Chaipiteal | 463 | - | - | 463 |
| Aistriú ón gCúlchiste Forbartha Caipitil | - | - | - | - |
| Aistriú chuig an gCúlchiste Forbartha Caipitil | - | 436 | (436) | - |
| **Iarmhéid ag an 31 Lúnasa 2022** | **296,770** | **37,472** | **224,912** | **559,154** |

Tá Nótaí 1 go 30 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

**Sínithe thar ceann an Chomhlachta Ceannais:**

**An Dr Charles Larkin**
**Cathaoirleach an Chomhlachta Ceannais**
**Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath**
**Dáta: 13 Nollaig 2023**

**An tOllamh David FitzPatrick**
**Uachtarán**
**Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath**

# Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath

## Ráiteas Comhdhlúite faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Lúnasa 2022

| | Nóta | Comhdhlúite amhail an 31/08/2022 €'000 | Mar atá Athluaite amhail an 31/08/2021 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh | 12 | 506,791 | 507,399 |
| **Féichiúnaí Fadtéarmach** | | | |
| Iasacht Ghníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin | 26 | 137,343 | 140,953 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Suimeanna infhaighte | 15 | 15,943 | 15,505 |
| Airgead agus Coibhéisí Airgid | 16 | 91,769 | 83,580 |
| | | 107,712 | 99,085 |
| **Lúide: Suimeanna iníoctha** a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin | 17 | (107,931) | (88,718) |
| **Glansócmhainní Reatha** | | (219) | 10,367 |
| **Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais Reatha** | | 643,915 | 658,719 |
| **Lúide: Suimeanna iníoctha** a bheidh dlite tar éis níos mó ná bliain amháin | 18 | (84,762) | (87,286) |
| **Sochair Scoir** | | | |
| Oibleagáidí Sochair Scoir | 27 | (915,026) | (1,202,367) |
| Sócmhainn Cistiúcháin Iarchurtha Sochair Scoir | 27 | 915,026 | 1,202,367 |
| **Glansócmhainní Iomlána** | | **559,154** | **571,433** |
| **Cúlchistí Srianta** | | | |
| Deontais Chaipitil Iarchurtha | 21 | 296,770 | 307,794 |
| **Cúlchistí neamhshrianta** | | | |
| Cúlchiste Ioncaim agus Caiteachais | | 224,912 | 226,602 |
| Cúlchiste Forbartha Caipitil | 22 | 37,472 | 37,036 |
| | | 262,384 | 263,638 |
| **Cúlchistí Iomlána** | | **559,154** | **571,433** |

Tá Nótaí 1 go 30 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

**Sínithe thar ceann an Chomhlachta Ceannais:**

**An Dr Charles Larkin**
**Cathaoirleach an Chomhlachta Ceannais**
**Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath**
**Dáta: 13 Nollaig 2023**

**An tOllamh David FitzPatrick**
**Uachtarán**
**Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath**

# Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath

## Ráiteas Comhdhlúite faoi Shreabhadh Airgid
## Don bhliain dar críoch an 31 Lúnasa 2022

| | 2022 | 2021<br>Mar atá Athluaite<br>Nóta 28 |
|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** |
| **Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | |
| Barrachas/(Easnamh) don bhliain | (3,802) | 78 |
| Caillteanas/(Gnóthachan) ar Dhíol Sócmhainní Seasta | - | 169 |
| Dímheas Sócmhainní Seasta | 16,684 | 11,874 |
| Amúchadh Deontas Caipitil Iarchurtha | (11,487) | (10,628) |
| Laghdú/(Méadú) i Suimeanna Infhaighte | (438) | (4,010) |
| Méadú/(Laghdú) i Suimeanna Iníoctha | 19,213 | 13,622 |
| Ioncam Úis | (203) | (3) |
| **Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | 19,967 | 11,102 |
| **Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | |
| Íocaíochtaí chun Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh a fháil nó a dhiúscairt | (16,074) | (59,880) |
| Fáltais ar Dhíol Sócmhainní Seasta | - | - |
| Deontais Athfhillteacha Stáit a Caitheadh ar Shócmhainní Seasta | 3,477 | 7,665 |
| Cistí Eile a Caitheadh ar Shócmhainní Seasta | 4,097 | 7,025 |
| Laghdú/(Méadú) in Iasacht Ghníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin | (3,610) | 44,856 |
| Íocaíochtaí i leith Tionscadail Chaipitil | - | - |
| **Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | (12,100) | (335) |
| **Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoiniúcháin** | | |
| Ús a Fuarthas | 203 | 3 |
| Íocaíocht i leith an Dliteanais Léasa Airgeadais | (2,524) | (1,248) |
| **Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoiniúcháin** | (2,321) | (1,245) |
| **Glanmhéadú i gcoibhéisí airgid sa bhliain** | 5,536 | 9,522 |
| Airgead agus coibhéisí airgid ag an 31 Lúnasa 2021 | 83,580 | 74,0581 |
| Airgead Fhondúireacht Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath ag an 31 Lúnasa 2021 - **Nóta 13** | 2,653 | - |
| **Airgead agus Coibhéisí Airgid ag an 31 Lúnasa 2022** | **91,769** | **83,580** |

Tá Nótaí 1 go 30 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

**Sínithe thar ceann an Chomhlachta Ceannais:**

**An Dr Charles Larkin**
**Cathaoirleach an Chomhlachta Ceannais**
**Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath**
**Dáta: 13 Nollaig 2023**

**An tOllamh David FitzPatrick**
**Uachtarán**
**Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath**

# Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Lúnasa 2022

## 1. Beartais shuntasacha chuntasaíochta

Tá achoimre déanta thíos ar na beartais chuntasaíochta a mheastar a bheith ábhartha maidir leis na ráitis airgeadais seo. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad go léir ar fud na tréimhse.

**a. Faisnéis ghinearálta agus ráiteas faoi chomhlíonadh**

Is é príomhchuspóir na hOllscoile ardoideachas a sholáthar.

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil agus de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 (FRS 102) arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais agus arna fhógairt ag Cuntasóirí Cairte Éireann lena úsáid in Éirinn agus de réir cheanglais an Údaráis um Ard-Oideachas.

Is é Euro airgeadra feidhmiúil Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, toisc gurb é airgeadra na príomhthimpeallachta eacnamaíche ina n-oibríonn an Ollscoil é. Cuirtear na ráitis airgeadais chomhdhlúite i láthair in Euro freisin. Cuirtear oibríochtaí eachtracha ar áireamh sna ráitis de réir na mbeartas atá leagtha amach thíos.

**b. Bonn an chomhdhlúthaithe**

Comhdhlúthaítear sna ráitis airgeadais ráitis airgeadais Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath agus ráitis airgeadais a foghnóthas mar atá liostaithe thíos agus de réir Nóta 13. I gcás na chéad bhliana, áirítear leis na ráitis airgeadais a ullmhaíodh suas go dtí an 31 Lúnasa 2022 na ráitis airgeadais d'Fhondúireacht Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Ba ar bhonn neamhábharthachta a iarcheanglaíodh na ráitis sin roimhe seo. Áirítear leis an ráiteas comhdhlúite faoi athruithe ar chúlchistí agus ar an gcuntas caipitil coigeartú tosaigh €2.547 milliún chun cúlchistí fochuideachtaí a léiriú, agus léirítear sa sreabhadh airgid comhdhlúite don tréimhse coigeartú tosaigh do chúlchistí airgid fochuideachtaí.

Comhdhlúthaítear na fochuideachtaí ar an mbonn go bhfeidhmíonn an Ollscoil tionchar ceannasach orthu, ar a ngníomhaíochtaí airgeadais agus ar a ngníomhaíochtaí oibriúcháin.

- Synergy Innovation and Growth DAC, arb é an phríomhghníomhaíocht atá aici ionad forbartha eolaíochta atá dírithe ar an nuálaíocht a chur chun cinn agus a fhorbairt.
- Fondúireacht Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, ar cuideachta faoi theorainn ráthaíochta í arb é an phríomhghníomhaíocht atá aici tacú leis an Ollscoil oideachas agus taighde a chur chun cinn trí dhaonchairdeas.
- LINC Collaboratory, ar cuideachta faoi theorainn ráthaíochta í a corpraíodh ionas go bhféadfaí iarratas a dhéanamh ar chistiú ó Fhiontraíocht Éireann faoin gCiste Forbartha Fiontar Réigiúnach.

Leanann fochuideachtaí na hOllscoile le hoibriú chun na gcríoch ar chucu a bunaíodh iad agus chun na gcríoch sin amháin.

**c. Bonn na Cuntasaíochta**

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil agus de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 (FRS 102) arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais agus arna fhógairt ag Cuntasóirí Cairte Éireann lena úsáid in Éirinn agus de réir cheanglais an Údaráis um Ard-Oideachas agus an Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.

**d. Réadmhaoin, gléasra agus trealamh**

**(i) Talamh agus foirgnimh**

Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe de réir costais nó luachála, glan ar dhímheas agus ar aon soláthar do bhearnú. Gearrtar dímheas ar gach sócmhainn sheasta inláimhsithe, seachas talamh ruílse, ag rátaí a ríomhtar chun costas nó luacháil gach sócmhainne, lúide luach iarmharach measta, a dhíscríobh thar a saolré fhónta ionchasach de réir méid cothrom mar a leanas:

| | |
|---|---|
| Talamh agus Foirgnimh | 50 bliain |
| Talamh agus Foirgnimh ar Léas | Thar théarma an léasa |

**Beartais shuntasacha chuntasaíochta (ar lean.)**

Is ionann luach iarmharach agus an tsuim mheasta a gheofaí faoi láthair as sócmhainn a dhiúscairt, tar éis costais mheasta na diúscartha a asbhaint, i gcás go raibh an tsócmhainn ar aois agus sa riocht lena bhfuiltear ag súil ag deireadh a saolré fónta cheana féin.

Is de réir shubstaint na n-idirbheart a thugtar cuntas ar fhoirgnimh a fuarthas faoi chomhaontuithe comhpháirtíochta príobháidí poiblí a bhfuil comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí i gceist leo. I gcás gur aistríodh chuig Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath formhór mór na rioscaí agus na luaíochtaí a bhaineann le húinéireacht na sócmhainne, tugtar cuntas orthu trí úsáid a bhaint as an tsamhail cuntasaíochta léasanna airgeadais. Aithnítear luach na sócmhainne de réir ghlanluach reatha na n-íocaíochtaí íosta léasa amach anseo.

Úsáidtear na híocaíochtaí tógála atá leagtha amach sa chonradh mar thomhas ar na híocaíochtaí íosta léasa amach anseo. Tar éis di dul i gcomhairle leis an nGníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta, roghnaigh Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath ráta lascaine 3.41% a chur i bhfeidhm ar an mbonn go raibh sé ina ráta cuí le haghaidh sócmhainní fadtéarmacha bonneagair.

Ceanglaítear leis an bhforáil um thabhairt ar ais atá sa chomhaontú comhpháirtíochta príobháidí poiblí (lena rialaítear an Chearnóg Láir agus Thoir ar champas Ghráinseach Ghormáin) go dtabharfaí na sócmhainní ar ais ag deireadh théarma an chonartha agus go mbeadh na saolréanna fónta coibhéiseach le saolré fhónta na sócmhainní nuair a coimisiúnaíodh ar dtús iad. Mar thoradh ar na forálacha sin, ní ghearrfaidh Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath aon dímheas ar na sócmhainní sin ar feadh thréimhse an chomhaontaithe ghaolmhair seirbhíse.

**(ii) Trealamh**

Déantar trealamh a chosain níos lú ná €3,000 in aghaidh na míre aonair a dhíscríobh chuig an gcuntas ioncaim agus caiteachais sa bhliain inar ceannaíodh é. I gcás gur ceannaíodh míreanna aonair trealaimh ar chostas faoi bhun na teorann caipitlithe (€3,000) agus go bhfuil an sonrasc ceannaigh iomlán os cionn na teorann, caipitlítear na míreanna sin ar bhonn aonair ar an ngnáthbhealach. Is de réir costais a chaipitlítear gach cineál trealaimh eile. Dímheastar trealamh caipitlithe thar a shaolré eacnamaíoch fhónta mar a leanas:

| | |
|---|---|
| Daingneáin agus Feistis | 10 mbliana |
| Gléasra agus Innealra | 10 mbliana |
| Troscán agus Trealamh | 5 bliana |
| Mótarfheithiclí | 5 bliana |
| Trealamh Ríomhaire | 3 bliana |

Maidir leis an trealamh ar fad a chistítear le Deontais Taighde agus Conarthaí, dímheastar é thar shaolré na sócmhainní ar aon dul leis an mbeartas do gach Sócmhainn Sheasta eile.

**e. Bearnú sócmhainní**

Déantar sócmhainní, seachas iad sin a thomhaistear de réir luach cóir, a mheas i gcomhair táscairí bearnaithe ag dáta gach cláir comhardaithe. Má tá fianaise oibiachtúil ann ar bhearnú, aithnítear caillteanas bearnaithe sa Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach.

**f. Cánachas**

(i) Cáin chorparáide

Mar charthanas díolmhaithe, níl an Ollscoil faoi dhliteanas i leith cáin chorparáide ná i leith cáin ioncaim ar aon cheann dá gníomhaíochtaí carthanúla. Tá sí cláraithe le haghaidh cáin bhreisluacha ach ní féidir léi cáin ionchuir a aisghabháil ar fhormhór a ceannachán toisc gurb ionann soláthar an oideachais agus gníomhaíocht dhíolmhaithe nach ngearrtar aon cháin aschuir ina leith. Is faoi CBL a thagann gníomhaíochtaí taighde agus tráchtála áirithe laistigh den Ollscoil. Tugann an Ollscoil aon cháin ionchuir nó aschuir a bhaineann leis na gníomhaíochtaí sin ar ais do na Coimisinéirí Ioncaim.

**Beartais shuntasacha chuntasaíochta (ar lean.)**

(ii) Cánachas Iarchurtha

I gcás fochuideachtaí nach bhfuil stádas carthanúil acu agus atá faoi dhliteanas i leith cáin chorparáide dá bharr sin, aithnítear cánachas iarchurtha maidir leis na difríochtaí uainithe go léir a bhí ann agus nach raibh aisiompaithe ag dáta an chláir comhardaithe. Déantar soláthar ag na rátaí a mheastar a bheidh i bhfeidhm nuair a aisiompófar na difríochtaí uainithe. Is é is difríochtaí uainithe ann ná difríochtaí idir brabús inchánaithe agus torthaí, mar a luaitear sna ráitis airgeadais, a éiríonn as gnóthachain agus as caillteanais a chur ar áireamh i mbrabús inchánaithe i dtréimhsí atá éagsúil leis na tréimhsí ina n-aithnítear iad sna ráitis airgeadais.

Meastar gur ní in-aisghabhála í glansócmhainn chánach iarchurtha. Dá bhrí sin, ní aithnítear í ach amháin nuair is féidir a mheas, ar bhonn na fianaise ar fad atá ar fáil, go bhfuil sé níos dóchúla ná a mhalairt go mbeidh brabús inchánaithe oiriúnach ann ar féidir aisiompú amach anseo na ndifríochtaí bunúsacha uainithe a bhaint astu.

**g. Aithint ioncaim**

*Deontais Stáit*

Aithnítear deontais athfhillteacha stáit ón Údarás um Ard-Oideachas agus ó chomhlachtaí eile sa tréimhse ina bhfuil siad infhaighte. Is mar Dheontais Chaipitil iarchurtha a chaitear le Deontais Neamh-athfhillteacha ón Údarás um Ard-Oideachas nó ó chomhlachtaí eile a fuarthas i ndáil le fáil nó le tógáil Sócmhainní Seasta. Amúchtar iad de réir dímheasa thar shaolré na sócmhainní.

Ceanglaítear leis an bhforáil um thabhairt ar ais atá sa chomhaontú comhpháirtíochta príobháidí poiblí (lena rialaítear an Chearnóg Láir agus Thoir ar champas Ghráinseach Ghormáin) go dtabharfaí na sócmhainní ar ais ag deireadh théarma an chonartha agus go mbeadh na saolréanna fónta coibhéiseach le saolré fhónta na sócmhainní nuair a coimisiúnaíodh ar dtús iad. Mar sin, ní dhéanfar an Deontas Caipitil iarchurtha gaolmhar a amúchadh chuig ioncam thar thréimhse an chomhaontaithe ghaolmhair seirbhíse. Ar scor an chomhaontaithe seirbhíse, déanfar an Deontas Caipitil iarchurtha a amúchadh ar bhonn córasach thar na tréimhsí ar aon dul le haithint na gcostas gaolmhar dímheasa.

*Ioncam Táillí*

Is ar bhonn fabhruithe a thugtar cuntas ar ioncam táillí.

*Deontais taighde agus conarthaí*

Déantar an t-ioncam ó dheontais taighde agus conarthaí a mheaitseáil le caiteachas, agus cuirtear é ar áireamh in ioncam na tréimhse inar tabhaíodh an caiteachas gaolmhar. Is iad seo a leanas na haicmí is coitianta d'idirbhearta den sórt sin:

*(i) Síntiúis nach bhfuil aon srianta ag gabháil leo*
Áirítear le síntiúis nach bhfuil aon srianta ag gabháil leo suimeanna a thugtar don Ollscoil i bhfoirm airgid nó sócmhainne, ar suimeanna iad nach bhfuil aon srian ag gabháil leo maidir le conas ba cheart iad a úsáid. Taifeadtar síntiúis den sórt sin sa Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach nuair a bhítear i dteideal an t-ioncam a fháil.

*(ii) Síntiúis a bhfuil srianta ag gabháil leo*
Déantar síntiúis a bhfuil srianta ag gabháil leo a thaifeadadh sa Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach nuair a bhítear i dteideal an t-ioncam a fháil. Coinnítear an t-ioncam srianta sa chúlchiste atá srianta go sealadach agus coinnítear é ann go dtí go dtabhaítear caiteachas atá i gcomhréir leis na srianta.

*(iii) Deontais taighde ó fhoinsí neamhrialtais*
Aithnítear ioncam ó dheontais ó fhoinsí neamhrialtais sa Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach nuair a chomhlíontar coinníollacha a bhaineann le feidhmíocht. Más rud é go bhfuil srian i bhfeidhm agus nach ann d'aon choinníoll a bhaineann le feidhmíocht, taifeadtar an t-ioncam sa Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach nuair a bhíonn an Ollscoil i dteideal an t-ioncam a fháil.

Maidir le deontais a bhfuil coinníollacha neamhchomhlíonta a bhaineann le feidhmíocht ag gabháil leo, coinnítear iad mar ioncam iarchurtha go dtí go gcomhlíontar na coinníollacha, tráth a thaifeadtar an t-ioncam sa Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach.

Déantar deontais a bhfuil srianta ag gabháil leo a thaifeadadh sa Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach nuair a bhítear i dteideal an t-ioncam a fháil. Coinnítear iad ina dhiaidh sin laistigh de chúlchiste srianta go dtí go dtabhaítear an caiteachas ar aon dul leis an srian.

**Beartais shuntasacha chuntasaíochta (ar lean.)**

*Mionoibreacha Caipitil*

Thug an tAire Oideachais agus Scileanna scéim isteach chun an fhreagracht as Oibreacha Caipitil Samhraidh agus as Mionoibreacha Caipitil eile a tharmligean chuig an Ollscoil.

I ngach cás, aithnítear an cistiú i leith na nOibreacha Caipitil Samhraidh agus na Mionoibreacha Caipitil sin sa tréimhse ina bhfuil an cistiú infhaighte.

*Ioncam ó thaiscí gearrthéarmacha*

Cuirtear an t-ioncam ar fad ó thaiscí gearrthéarmacha chun sochair an chuntais ioncaim agus caiteachais sa tréimhse ina dtuilltear é.

h. Sochair fostaithe

*(i)* *Sochair Scoir*

Is faoi scéim pinsean sochair shainithe a bunaíodh faoi Scéim Aoisliúntais na hEarnála Oideachais, 2015, a thugtar teidlíochtaí pinsin na mball foirne a earcaíodh roimh an 1 Eanáir 2013. Oibrítear an scéim ar bhonn Íoc mar a Úsáidtear, áit a gcoinníonn an Ollscoil na hasbhaintí aoisliúntais a thógtar ó fhostaithe mar chuid chomhaontaithe dá cistiú.

Oibríonn an Ollscoil an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ("an Scéim Aonair") freisin, rud arb é an scéim sochair shainithe d'fhostaithe inphinsin sa tseirbhís phoiblí a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó i ndiaidh an dáta sin de réir an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012, é. Íocann an Ollscoil ranníocaíochtaí na gcomhaltaí den Scéim Aonair ar aghaidh leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Is ionann dliteanais phinsin agus luach reatha na n-íocaíochtaí pinsin amach anseo atá tuillte go dtí seo. Léiríonn an tsócmhainn cistiúcháin sochair scoir an t-ionchas go leanfaidh an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta le pinsin agus cnapshuimeanna a íoc de réir mar a bhíonn siad dlite.

Maidir le costais phinsin a gearradh ar chaiteachas sa tréimhse, léiríonn siad na sochair a thuill fostaithe reatha le linn na tréimhse, agus léirítear iad glan ar ranníocaíochtaí pinsin foirne, ar ranníocaíochtaí iad (i) a gcoinníonn an Ollscoil iad i gcás Scéim Aoisliúntais na hEarnála Oideachais, 2015, agus (ii) a n-íoctar ar aghaidh leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe iad i gcás na Scéime Aonair. Aithnítear suim atá comhfhreagrach don chostas pinsin mar ioncam, a mhéid is féidir í a aisghabháil.

Is sa Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach a léirítear gnóthachain achtúireacha nó caillteanais achtúireacha a eascraíonn as dliteanais scéime, agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa tsócmhainn cistiúcháin sochair scoir.

Léirítear sna ráitis airgeadais na sócmhainní agus na dliteanais, de réir luach cóir, a eascraíonn as oibleagáidí pinsin na hOllscoile i leith a ball foirne reatha amháin agus aon chistiú gaolmhar. Aithnítear na costais a bhaineann le sochair phinsin a sholáthar sna tréimhsí cuntasaíochta ina dtuilleann fostaithe iad. Maidir le dliteanais phinsin a bhaineann le hiarfhostaithe atá ag fáil pinsean, ní chuirtear iad ar áireamh toisc go ngearrtar íocaíochtaí pinsin ar chuntais leithreasa na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta. Is mar ghnóthachan ó thaithí a léirítear an laghdú i ndliteanais a eascraíonn as comhaltaí a bheith ag dul ar scor le linn na bliana. Is ar bhonn achtúireach a thomhaistear dliteanais na scéime sochair scoir, agus modh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa á úsáid.

Níl baill foirne na bhfochuideachtaí ina gcuid de na scéimeanna earnála poiblí, agus oibríonn gach cuideachta a scéim phríobháideach féin.

*(ii)* *Sochair ghearrthéarmacha*

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha amhail pá saoire mar speansas sa tréimhse, agus cuirtear sochair atá fabhraithe ag deireadh na tréimhse ar áireamh i Suimeanna Iníoctha sa Ráiteas faoin Staid Airgeadais. Níl aon fhabhrú le haghaidh pá saoire ann do bhaill foirne Acadúla ag deireadh na tréimhse mar gheall ar chineál a gconarthaí.

**i. Airgeadra eachtrach**

Taifeadtar idirbhearta in airgeadraí eachtracha de réir an ráta malairte a bhí i bhfeidhm ag dáta an idirbhirt. Maidir le sócmhainní agus dliteanais airgid a bhí ainmnithe in airgeadraí eachtracha ag dáta an chláir comhardaithe, tuairiscítear iad de réir na rátaí malairte a bhí i bhfeidhm ag an dáta sin.

**Beartais shuntasacha chuntasaíochta (ar lean.)**

**j. Léasanna**

Maidir le sócmhainní a shealbhaítear faoi léasanna airgeadais, faoi chonarthaí fruilcheannaigh nó faoi shocruithe eile den chineál céanna lena dtugtar cearta agus oibleagáidí atá cosúil leo sin a ghabhann le sócmhainní faoi úinéireacht, caipitlítear iad mar shócmhainní seasta inláimhsithe de réir luach cóir na sócmhainne ar léas (nó, más ísle é, de réir luach reatha na n-íocaíochtaí íosta léasa mar a cinneadh i dtús an léasa). Dímheastar iad thar théarma an léasa nó thar a saolré fhónta, cibé acu is giorra. Is mar dhliteanais a thaifeadtar na gnéithe caipitil d'oibleagáidí léasa amach anseo. Gearrtar na gnéithe úis ar an gcuntas Ioncaim agus Caiteachais thar thréimhse na léasanna ionas gur féidir ráta tréimhsiúil seasmhach úis a tháirgeadh ar iarmhéid an dliteanais atá fágtha.

Tráth na haitheanta tosaigh, aithnítear dliteanas léasa airgeadais a bheith cothrom le luach cóir na sócmhainne ar léas nó, más ísle, le luach reatha na n-íocaíochtaí íosta léasa. Cionroinntear na híocaíochtaí íosta léasa idir an muirear airgeadais agus an laghdú sa dliteanas atá amuigh trí úsáid a bhaint as modh an úis éifeachtaigh. Leithdháiltear an muirear airgeadais ar gach tréimhse le linn théarma an léasa, rud a thugann ráta tréimhsiúil seasmhach úis ar iarmhéid an dliteanais atá fágtha.

Is de réir méid cothrom thar théarma an léasa a ghearrtar cíosanna faoi léasanna oibriúcháin, fiú amháin i gcás nach ndéantar na híocaíochtaí ar an mbonn sin. Is de réir méid cothrom thar théarma an léasa freisin a leatar na sochair a fuarthas agus atá infhaighte mar dhreasacht chun léas oibriúcháin a shíniú.

**k. Deontais Chaipitil Iarchurtha**

Is ionann deontais chaipitil iarchurtha agus luach neamh-amúchta cistí carntha a mheastar a bheith faighte ó fhoinsí Stáit agus a leithdháiltear le haghaidh sócmhainní seasta.

**l. Cúlchiste Forbartha Caipitil**

Is ionann an cúlchiste forbartha caipitil agus na cistí a chuir an Ollscoil i leataobh chun críocha sonraithe forbartha caipitil. Eascraíonn cistí den sórt sin as Táillí Clárúcháin Mac Léinn, as síntiúis chaipitil neamhstáit, as táillí saoráide baincéireachta agus as aistrithe ó Chúlchistí Ioncaim. Eascraíonn siad freisin as ús bainc a tuilleadh ar an airgead sin. Coinneofar na cistí sin sa Chuntas Cúlchiste Forbartha Caipitil, ar choinníoll, maidir leis na tionscadail shainithe ar gealladh iad dóibh, go bhfuil siad ar aon dul le plean Forbartha Caipitil na hOllscoile, gur cheadaigh an Comhlacht Ceannais iad agus go bhfuil siad céimithe ó thaobh ama de agus go bhfuil meastacháin ar chostais ag gabháil leo.

**2. Breithiúnais thábhachtacha chuntasaíochta agus príomhfhoinsí na héiginnteachta meastacháin**

Le linn dó beartais chuntasaíochta na hOllscoile a chur i bhfeidhm, ar beartais iad a bhfuil cur síos déanta orthu i Nóta 1, ceanglaítear ar an gComhlacht Ceannais breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh maidir le hin-aisghabhálacht fiach, maidir le saolré fhónta sócmhainní, maidir le rátaí dímheasa sócmhainní seasta agus maidir le suimeanna glanluacha sócmhainní agus dliteanas nach léir láithreach ó fhoinsí eile. Tá na meastacháin agus na toimhdí lena mbaineann bunaithe ar thaithí stairiúil agus ar thosca eile a mheastar a bheith iomchuí. D'fhéadfadh na torthaí iarbhír a bheith éagsúil leis na meastacháin sin.

**Cuntas a thabhairt ar fhoirgnimh chomhpháirtíochta príobháidí poiblí**
Rinne an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (RBATNE) comhaontú comhpháirtíochta príobháidí poiblí le heintiteas earnála príobháidí chun foirgnimh na cearnóige Láir agus Thoir ar champas Ghráinseach Ghormáin a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a chothabháil. Is é cuspóir an chomhaontaithe sin foirgnimh a sholáthar lena n-úsáid chun críocha acadúla ag Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Ó thús na seirbhíse, is í Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath a shealbhaíonn na rioscaí agus na luaíochtaí uile a bhaineann le húinéireacht agus a rialóidh na sócmhainní agus an leas iarmharach sna sócmhainní ag deireadh théarma an chonartha comhpháirtíochta príobháidí poiblí. Cé go bhforáiltear leis an gconradh comhpháirtíochta príobháidí poiblí do na foirgnimh a thabhairt ar ais do RBATNE ag deireadh an chonartha 25 bliana, tá sé deimhnithe ag RBATNE go gcoinneoidh Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath áitíocht eisiach na bhfoirgneamh ag deireadh thréimhse an chonartha 25 bliana. Déanfaidh RBATNE íocaíochtaí leis an eintiteas earnála príobháidí thar thréimhse feidhme an chomhaontaithe comhpháirtíochta príobháidí poiblí le haghaidh na sócmhainní a thógáil, a mhaoiniú, a oibriú, a chothabháil agus a athnuachan agus le haghaidh seirbhísí a sholáthar. Is ar bhonn infhaighteachta atá an conradh a rinneadh, agus mairfidh sé tréimhse seirbhíse 25 bliana ó dháta thús na seirbhíse. Is trí mhuirear aonadach bliantúil a dhéantar na híocaíochtaí. Tá an muirear aonadach faoi réir asbhaintí i leith tréimhsí nach bhfuil na sócmhainní ar fáil lena n-úsáid iontu. Chomhaontaigh Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath na híocaíochtaí muirir aonadaigh a chomhchistiú le RBATNE.

**Beartais shuntasacha chuntasaíochta (ar lean.)**

Chaipitligh Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath na foirgnimh lena mbaineann, agus tugadh cuntas orthu trí úsáid a bhaint as an tsamhail cuntasaíochta léasanna airgeadais. Maidir le luach na bhfoirgneamh (cuireadh €259.967m ar áireamh i mbreiseanna Foirgneamh Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí sa bhliain dar críoch an 31 Lúnasa 2021) ag dáta thús na seirbhíse d'Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, aithníodh é mar ghlanluach reatha na n-íocaíochtaí íosta léasa amach anseo, a ríomhadh ar bhonn na n-íocaíochtaí tógála a rinne RBATNE.

Ba sa Ráiteas faoin Staid Airgeadais (Nóta 18) a thug Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath cuntas ar an dliteanas chun a sciar féin den ghné chaipitil den mhuirear aonadach a íoc. Laghdóidh an dliteanas sin ar aon dul le híocaíochtaí muirir aonadaigh bhliantúil.

Ba mar dheontas caipitil iarchurtha (Nóta 21) a d'aithin Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath na ranníocaíochtaí caipitil a rinne RBATNE i leith an mhuirir aonadaigh. Agus glanluach reatha an dliteanais á chinneadh, agus tar éis di dul i gcomhairle leis an nGníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta, roghnaigh Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath ráta lascaine 3.41% a chur i bhfeidhm ar an mbonn go raibh sé ina ráta cuí le haghaidh sócmhainní fadsaoil bonneagair.

Ceanglaítear leis an bhforáil um thabhairt ar ais atá sa chomhaontú comhpháirtíochta príobháidí poiblí (lena rialaítear an Chearnóg Láir agus Thoir ar champas Ghráinseach Ghormáin) go dtabharfaí na sócmhainní ar ais ag deireadh théarma an chonartha agus go mbeadh na saolréanna fónta coibhéiseach le saolré fhónta na sócmhainní nuair a coimisiúnaíodh ar dtús iad. Mar thoradh ar na forálacha sin, ní ghearrfaidh Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath aon dímheas ar na sócmhainní sin ar feadh thréimhse an chomhaontaithe seirbhíse.

Maidir le sciar Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath de na gnéithe muirir seirbhíse de na híocaíochtaí muirir aonadaigh, cláraítear mar speansas é i Ráiteas Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath faoi Ioncam Cuimsitheach de réir mar a thabhaítear é. Tá ceangaltais chun íocaíochtaí de chineál oibriúcháin a dhéanamh nochta i Nóta 19 leis na ráitis airgeadais.

Is iad seo na príomhbhreithiúnais a rinneadh le linn cuntas a thabhairt ar an socrú sin:

Feidhmíonn Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath rialú ar na foirgnimh lena mbaineann.

Sealbhaíonn Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath formhór mór na rioscaí agus na luaíochtaí a bhaineann le húinéireacht.

Cé go bhforáiltear leis an gconradh comhpháirtíochta príobháidí poiblí do na foirgnimh a thabhairt ar ais do RBATNE ag deireadh an chonartha 25 bliana, tá sé deimhnithe ag RBATNE go gcoinneoidh Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath áitíocht eisiach na bhfoirgneamh ag deireadh thréimhse an chonartha 25 bliana.

**Cuntas a thabhairt ar Ghráinseach Ghormáin**

Tá Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin ag tógáil roinnt foirgneamh ar champas Ghráinseach Ghormáin faoi láthair. Cé gurb í an Ollscoil a ghnóthóidh an tairbhe eacnamaíoch ar deireadh, tá obair shubstaintiúil forbartha le déanamh go fóill ar na réadmhaoine gaolmhara, ní mór luachálacha gaolmhara a bhunú, agus ní mór talamh a aistriú chuig an Ollscoil.

Déantar athbhreithniú ar na meastacháin agus ar na buntoimhdí ar bhonn leanúnach. Aithnítear leasuithe ar mheastacháin chuntasaíochta sa tréimhse inar leasaíodh an meastachán i gcás nach dtéann an leasú i bhfeidhm ach amháin ar an tréimhse sin. Is i dtréimhse an leasaithe agus i dtréimhsí amach anseo a aithnítear an leasú i gcás go dtéann an leasú i bhfeidhm ar an tréimhse reatha agus ar thréimhsí amach anseo araon.

**Breithiúnas Tábhachtach – In-aisghabhálacht Féichiúnaithe**

Cuireadh féichiúnaithe ar áireamh sna ráitis airgeadais, glan ar sholáthairtí sonracha do dhrochfhiacha. Tá an Ollscoil den tuairim gur féidir an ghlansuim sin a aisghabháil ina hiomláine.

**Beartais shuntasacha chuntasaíochta (ar lean.)**

**Breithiúnas Tábhachtach – Saolré Fhónta Sócmhainní**

Tá saolré fhónta na sócmhainní a úsáideann an Ollscoil ar aon dul leis an gcaighdeán tionscail. Mar sin féin, is féidir go mbainfidh roinnt sócmhainní deireadh a saolré fónta amach i dtréimhse níos giorra ná sin agus, in imthosca den sórt sin, cuirtear dlús le dímheas na sócmhainní chun aird a thabhairt air sin.

**Oibleagáid Sochair Scoir**

Maidir leis na toimhdí atá taobh thiar de na luachálacha achtúireacha óna gcinntear na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe i leibhéil chúitimh amach anseo, rátaí mortlaíochta agus treorátaí costas cúram sláinte), tugtar iad cothrom le dáta gach bliain bunaithe ar dhálaí reatha geilleagracha agus chun freastal ar aon athruithe iomchuí ar théarmaí agus coinníollacha na bpleananna pinsin agus iarscoir.

Is féidir leis na nithe seo a leanas dul i bhfeidhm ar na toimhdí:

(i) an ráta lascaine, athruithe ar an ráta toraidh ar bhannaí corparáideacha ardchaighdeáin.
(ii) leibhéil chúitimh amach anseo, dálaí sa mhargadh saothair amach anseo.

## 3. Deontais stáit

| | A leithdháileadh le haghaidh Caiteachas Athfhilteach €'000 | A leithdháileadh le haghaidh Caiteachas Caipitil €'000 | A leithdháileadh le haghaidh Caiteachas Tionscadal €'000 | 2022 Iomlán €'000 | 2021 Mar atá Athluaite Nóta 28 Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Deontas Athfhillteach – ÚAO | 113,903 | 3,477 | 2,762 | **120,142** | **113,866** |
| Deontais Eile Stáit – ÚAO | 17,483 | 588 | - | **18,071** | **7,179** |
| Caipiteal Deontais Stáit – ÚAO | **-** | 2,097 | - | **2,097** | **5,286** |
| Caipiteal Deontais Stáit – Fiontraíocht Éireann | - | 545 | - | **545** | **97** |
| Caipiteal Deontais Stáit – Eile | **-** | 30 | - | **30** | **5,038** |
| Deontas Stáit – Tacaí Covid | 2,561 | - | - | **2,561** | **11,456** |
| **Iomlán 2022** (nóta 6.1) | **133,947** | **6,737** | **2,762** | **143,446** | **142,922** |
| **Iomlán 2021 – Mar atá Athluaite** | **126,766** | **14,043** | **2,113** | **142,922** | |

# Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Lúnasa 2022

**4. Táillí teagaisc agus ranníocaíocht mac léinn**

| | Atá Státchistithe 2022 €'000 | Nach bhfuil Státchistithe 2022 €'000 | Iomlán 2022 €'000 | Atá Státchistithe 2021 €'000 | Nach bhfuil Státchistithe 2021 €'000 | Iomlán 2021 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Táillí is iníoctha ag an Stát | 12,345 | - | **12,345** | 12,147 | - | **12,147** |
| Táillí is iníoctha ag gníomhaireachtaí eile stáit | - | - | **-** | 2,445 | - | **2,445** |
| Táillí nach Táillí ón Aontas Eorpach iad | - | 7,602 | **7,602** | - | 9,479 | **9,479** |
| Táillí Teagaisc a d'íoc Mic Léinn nó a íocadh thar ceann Mic Léinn | 180 | 14,903 | **15,083** | 12 | 10,668 | **10,680** |
| Foghlaim ar Feadh an tSaoil agus Táillí Eile | 1,602 | 4,611 | **6,213** | 1,360 | 5,159 | **6,519** |
| Ranníocaíocht Mac Léinn, lena n-áirítear Táillí Athscrúdaithe | 20,062 | 30,461 | **50,524** | 21,280 | 29,057 | **50,337** |
| **Glanioncam Táillí/An Líon Mac Léinn (nóta 6.2)** | **34,189** | **57,578** | **91,767** | **37,244** | **54,363** | **91,608** |

D'íoc an tÚdarás um Ard-Oideachas táillí teagaisc ab fhiú €11,491,101 (2021: €11,193,704) i leith cúrsaí lánaimseartha céime agus ab fhiú €853,688 (2021: €953,869) i leith cúrsaí ardteastais agus gnáthchéime le linn na tréimhse. Cistítear costais iomlána na gcúrsaí sin go páirteach ó Chiste Sóisialta na hEorpa.

# Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Lúnasa 2022

**5. Deontais Taighde agus Conarthaí Eile**

| | 2022<br>€'000 | 2021<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Ioncam:** | | |
| Comhlachtaí stáit agus leathstáit (nóta 6.3) | **19,430** | **14,037** |
| An tAontas Eorpach | **3,267** | **5,184** |
| An Earnáil Tionsclaíochta | **278** | **923** |
| Eile | **1,072** | **3,170** |
| Tionscadail fhéinchistithe | **3,267** | **163** |
| **Ioncam Iomlán** | **27,314** | **23,477** |
| Amúchadh Deontas Caipitil Iarchurtha | **839** | **1,304** |
| Deontais Taighde agus Ceannacháin Sócmhainní i leith Conarthaí | **(1,702)** | **(188)** |
| **Glanioncam** | **26,451** | **24,593** |
| **Caiteachas:** | | |
| Costais Phá | **12,928** | **9,245** |
| Costais Neamhphá | **15,669** | **14,288** |
| Dímheas | **3,284** | **1,304** |
| **Costais Iomlána *** | **31,881** | **24,837** |

## Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Lúnasa 2022

**6. Anailís ar ioncam a fuarthas ón Stát**

**Nóta 6.1 Deontas Stáit**

| **Ainm an Deontóra** | Nóta | **Ioncam Oibriúcháin a Iarchuireadh 01/09/21 Mar atá Athluaite Nóta 28 €'000** | **Ioncam a Fuarthas 2022 €'000** | **Ioncam Caipitil a Iarchuireadh 31/08/22 €'000** | **Ioncam a Scaoileadh 2022 €'000** |
|---|---|---|---|---|---|
| ÚAO – Deontas Athfhillteach | | 1,512 | 120,143 | 162 | 121,493 |
| ÚAO – Deontas Eile | | 6,663 | 23,167 | 12,276 | 17,554 |
| ÚAO – Deontas Déabhlóidithe | | - | 5,338 | 4,045 | 1,293 |
| ÚAO – Tacaíocht Covid | | - | 6,997 | 4,436 | 2,561 |
| Deontas Caipitil – Fiontraíocht Éireann | | - | 545 | - | 545 |
| **Deontas Stáit** | 3 | **8,175** | **156,190** | **20,919** | **143,446** |

**Nóta 6.2 Táillí Teagaisc agus Ranníocaíocht Mac Léinn**

| Ainm an Deontóra | Nóta | Ioncam Oibriúcháin a Iarchuireadh 01/09/2021 €'000 | Ioncam a Fuarthas 2022 €'000 | Ioncam Caipitil a Iarchuireadh 31/08/22 €'000 | Ioncam a Scaoileadh 2022 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| An Roinn Cosanta | | - | 26 | - | 26 |
| Design, Print & Packaging Skillnet | | - | 22 | - | 22 |
| ÚAO | | - | 12,363 | - | 12,363 |
| An tÚdarás um Ard-Oideachas – Springboard Amháin | | - | 568 | - | 568 |
| ICT Ireland Skillnet | | - | 569 | - | 569 |
| An Chomhairle do Mhic Léinn Idirnáisiúnta in Éirinn | | - | 15 | - | 15 |
| ITAG Skillnet | | - | 143 | - | 143 |
| Software Skillnet | | - | 229 | - | 229 |
| SUSI (Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn) | | - | 20,242 | - | 20,242 |
| An Roinn Talmhaíochta | | - | 4 | - | 4 |
| An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann | | - | 4 | - | 4 |
| Teagasc | | - | 2 | - | 2 |
| Iarnród Éireann | | - | 2 | - | 2 |
| **Táillí teagaisc agus ranníocaíocht mac léinn** | 4 | **-** | **34,189** | **-** | **34,189** |

**Nóta 6.3 Deontais Taighde agus Conarthaí**

| | | Ioncam Oibriúcháin a Iarchuireadh | Ioncam a Fuarthas | Ioncam Caipitil a Iarchuireadh | Ioncam a Scaoileadh |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **01/09/2021** | **2022** | **31/08/22** | **2022** |
| **Ainm an Deontóra** | | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara | | 214 | 48 | 70 | 192 |
| Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | | 110 | 56 | 100 | 66 |
| Fiontraíocht Éireann | | 2,530 | 5,279 | 3,347 | 4,461 |
| An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil | | 61 | 550 | 444 | 167 |
| An tÚdarás um Ard-Oideachas | | 11,884 | 10,488 | 12,539 | 9,833 |
| An Bord Taighde Sláinte | | 204 | 169 | 265 | 108 |
| Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | | 1 | 60 | (1) | 62 |
| Tusla | | 240 | 743 | 159 | 824 |
| Foras na Mara | | 1 | - | 1 | - |
| Solas | | 211 | 4 | 214 | 1 |
| Teagasc | | 22 | 108 | 27 | 103 |
| Fondúireacht Eolaíochta Éireann | | 1,647 | 3,999 | 3,586 | 2,060 |
| Comhlachtaí Eile Stáit | | 465 | (124) | 133 | 208 |
| Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann | | 17 | (23) | (78) | 72 |
| An Fóram Náisiúnta um Theagasc agus Foghlaim | | 41 | 70 | 35 | 76 |
| An Chomhairle um Thaighde in Éirinn | | 15 | 1,576 | 404 | 1,187 |
| Comhairle Contae Átha Cliath Theas | | 19 | (19) | - | - |
| AIB | | 30 | (30) | - | - |
| Ollscoil Luimnigh | | - | 27 | 27 | - |
| Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin | | - | 41 | 39 | 2 |
| Comhairle Contae Fhine Gall | | - | 43 | 35 | 8 |
| **Deontais Taighde agus Conarthaí** | **5** | **17,712** | **23,064** | **21,346** | **19,430** |
| ÚAO | | 1,058 | 3,399 | 637 | 3,820 |
| **Cistiú Tacaíochta Mac Léinn** | **7** | **1,058** | **3,399** | **637** | **3,820** |

# Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Lúnasa 2022

**7. Cistiú Tacaíochta Mac Léinn**

| | 2022 Míchumais | 2022 Cúnamh do Mhic Léinn | 2022 Iomlán | 2021 Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| **Iarmhéid ag an 1 Meán Fómhair 2021** | **844** | **214** | **1,058** | **1,159** |
| **Fáltais:** | | | | |
| An tÚdarás um Ard-Oideachas | 957 | 2,442 | 3,399 | 2,924 |
| Ioncam a Iarchuireadh/a Scaoileadh | 375 | 46 | 421 | - |
| **Fáltais Iomlána** | **1,332** | **2,488** | **3,820** | **2,924** |
| Lúide: suim a leithdháileadh ar Dheontais Chaipitil Iarchurtha | (54) | - | (54) | (83) |
| **Glanfháltais** | **1,278** | **2,488** | **3,766** | **2,841** |
| **Suimeanna a Cuireadh i bhFeidhm:** | | | | |
| Costais Phá | 465 | - | 465 | 529 |
| Costais Neamhphá | 971 | 2,486 | 3,457 | 2,413 |
| Glansuimeanna a Cuireadh i bhFeidhm: | **1,436** | **2,486** | **3,922** | **2,942** |
| **Iarmhéid amhail an 31 Lúnasa 2022** | **469** | **168** | **637** | **1,058** |

Soláthraíonn an tÚdarás um Ard-Oideachas cistiú faoin bPlean Forbartha Náisiúnta, agus cistítear an cistiú sin go páirteach ó Chiste Sóisialta na hEorpa.

| **8. Ioncam eile** | **2022** | **2021** |
|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** |
| Asbhaintí Aoisliúntais a Coinníodh | 7,427 | 7,651 |
| Díol Ábhar Ranga agus Athghrafaicí | 38 | 11 |
| Seirbhísí do Mhic Léinn | 99 | 10 |
| Síntiús | 113 | 775 |
| Ioncam Tráchtála | 447 | 1,139 |
| Ioncam Eile | 5,414 | 2,066 |
| Lamháltais bhainc agus lamháltais eile | 1,500 | 220 |
| Cíos Saoráidí | 54 | 341 |
| Ioncam an Ionaid Foghlama agus Nuálaíochta | - | 485 |
| Fótachóipeáil | 3 | - |
| Tionscadail Oideachais | 119 | 100 |
| Fostaithe ar Iasacht | 269 | 65 |
| Ioncam Páirceála | 177 | 2 |
| | **15,660** | **12,866** |

**9. Costais foirne**

Agus é curtha i láthair mar choibhéis lánaimseartha, ba é seo a leanas an meánlíon daoine (sealbhóirí poist shinsearaigh san áireamh) a bhí fostaithe ag an Ollscoil le linn na bliana:

| | **2022 An Líon Fostaithe** | **2021 An Líon Fostaithe** |
|---|---|---|
| Teagasc agus Taighde | 1,522 | 1,502 |
| Teicniúil | 174 | 180 |
| Riarachán Láir agus Seirbhísí | 904 | 867 |
| | **2,600** | **2,549** |

| | **2022 €'000** | **2021 €'000** |
|---|---|---|
| Tuarastail agus Pá | 179,308 | 168,910 |
| Costais Leasa an Fhostóra | 16,374 | 13,572 |
| Liúntais | 706 | 1,176 |
| Ragobair | 811 | 1,030 |
| | **197,199** | **184,688** |

**Luach saothair an phríomhphearsanra bainistíochta**

Ba é €203,619 (2021: €200,270) an tuarastal iomlán agus na sochair iomlána a íocadh leis an Uachtarán don bhliain airgeadais. Ba é €3,906,585 (2021: €3,616,600) an luach saothair iomlán a íocadh leis an bpríomhphearsanra bainistíochta don bhliain airgeadais. Is é atá sa phríomhphearsanra bainistíochta san Ollscoil Foireann Feidhmiúcháin na hOllscoile, foirne ardbhainistíochta, agus comhaltaí den Chomhlacht Ceannais. Ní fhaigheann na comhaltaí den Chomhlacht Ceannais aon luach saothair, seachas baill foirne reatha a fhaigheann gnáth-theidlíochtaí tuarastail.

Ní théann sochair iarfhostaíochta agus teidlíochtaí pinsin Uachtarán agus phríomhphearsanra bainistíochta na hOllscoile níos faide ná na teidlíochtaí atá sna scéimeanna iomchuí pinsean earnála poiblí. Agus iad ina n-íocaíochtaí reachtúla nach bhfuil aon íocaíochtaí breisithe i gceist leo, rinneadh aon íocaíochtaí pinsin de réir na litreach maidir le híocaíochtaí iomarcaíochta a d'eisigh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta an 8 Samhain 2018.

Ní dhearna an Ollscoil aon íocaíochtaí ex gratia le linn na bliana airgeadais. Rinneadh dhá íocaíocht socraíochta ab fhiú €56,500 san iomlán le linn na bliana. Áiríodh leo sin íocaíocht foirceanta ab fhiú €20,000.

**9. Costais foirne (ar lean.)**

**Baill foirne ar thuarastal níos airde:**

| Bandaí Tuarastail Bhliantúil | An Bhliain dar Críoch an 31 Lúnasa 2022 | An Bhliain dar Críoch an 31 Lúnasa 2021 |
|---|---|---|
| 60,000 – 70,000 | 221 | 234 |
| 70,001 – 80,000 | 203 | 161 |
| 80,001 – 90,000 | 179 | 441 |
| 90,001 – 100,000 | 527 | 261 |
| 100,001 – 110,000 | 100 | 79 |
| 110,001 – 120,000 | 41 | 39 |
| 120,001 – 130,000 | 11 | 4 |
| 130,001 – 140,000 | 0 | 1 |
| 140,001 – 150,000 | 1 | 0 |
| 150,001 – 160,000 | 10 | 10 |
| 160,001 – 170,000 | 3 | 1 |
| 170,001 – 180,000 | 0 | 0 |
| 180,001 – 190,000 | 0 | 0 |
| 190,001 – 200,000 | 0 | 2 |
| 200,000-210,000 | 2 | 0 |
| **Mór-Iomlán** | **1,298** | **1,233** |

**10. Speansais oibriúcháin eile**

| | 2022 | 2022 | 2022 | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|
| | Costais Phá | Dímheas | Speansais Oibriúcháin Eile | Iomlán | Iomlán |
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Ranna Acadúla | 138,178 | 8,617 | 11,748 | 158,543 | 143,879 |
| Seirbhísí Acadúla | 8,890 | 307 | 3,126 | 12,323 | 13,118 |
| Saoráidí | 9,921 | 3,488 | 23,171 | 36,580 | 40,229 |
| Riarachán Láir | 19,637 | 913 | 12,263 | 32,813 | 30,602 |
| Oideachas Ginearálta | 2,608 | 6 | 369 | 2,983 | 2,153 |
| Seirbhísí do Mhic Léinn | 4,572 | 35 | 4,320 | 8,927 | 8,212 |
| Cistiú Tacaíochta Mac Léinn | 465 | 34 | 3,457 | 3,956 | 2,957 |
| Deontais Taighde agus Conarthaí | 12,928 | 3,284 | 15,669 | 31,881 | 24,837 |
| Dímheas | | | | - | 1,846 |
| **Iomlán** | **197,199** | **16,684** | **74,123** | **288,006** | **267,832** |
| **Iomlán 2021** | **184,688** | **11,874** | **71,271** | **267,832** | |

**10. Speansais oibriúcháin eile (ar lean.)**

| **Anailís ar Chaiteachas Oibriúcháin Eile** | **2022 €'000** | **2021 €'000** |
|---|---|---|
| Luach Saothair na nIniúchóirí | 158 | 146 |
| Conradh Glantóireachta agus Ábhair Ghlantóireachta | 2,716 | 2,725 |
| Cumarsáid | 457 | 202 |
| Bogearraí ríomhaire, Cothabháil, Ceadúnais agus Tomhaltáin | 4,397 | 3,993 |
| Fuinneamh | 3,268 | 3,320 |
| Costais Trealaimh agus Chothabhála | 3,582 | 627 |
| Costais Airgeadais | 2,348 | 1,907 |
| Oideachas Ginearálta | 638 | 309 |
| Fáilteachas | 371 | 47 |
| Costais Oibriúcháin Eile Fochuideachtaí | 1,310 | 202 |
| Ábhair agus Tomhaltáin | 4,903 | 3,347 |
| Speansais Eile | 656 | 558 |
| Íocaíochtaí le Comhpháirtithe | 3,725 | 3,955 |
| Táillí Gairmiúla agus Comhairleacht | 7,957 | 5,603 |
| Cur Chun Cinn agus Poiblíocht | 657 | 552 |
| Cíos, Rátaí agus Árachas | 2,860 | 12,928 |
| Deisiúcháin agus Costais Chothabhála | 2,769 | 4,243 |
| Costais Taighde | 6,940 | 8,176 |
| Slándáil | 1,450 | 1,524 |
| Earcaíocht agus Oiliúint Foirne | 741 | 581 |
| Páipéarachas, Ábhair Oifige, Leabhair agus Tréimhseacháin | 4,382 | 3,334 |
| Deontais Mac Léinn | 4,159 | 3,511 |
| Seirbhísí do Mhic Léinn | 5,336 | 5,146 |
| Síntiúis le Comhlachais | 1,079 | 879 |
| Taisteal – Idirnáisiúnta | 279 | 10 |
| Taisteal – Náisiúnta | 823 | 147 |
| Muirear Aonadach a Bhaineann leis an gComhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí | 6,162 | 3,299 |
| | 74,123 | 71,271 |

Níl CBL ar áireamh i luach saothair na n-iniúchóirí atá nochta thuas. Comhlíonadh feidhm iniúchóireachta inmheánaí na hOllscoile trí mheascán dá rannóg iniúchóireachta inmheánaí féin agus de sholáthraí seachfhoinsithe. Cuireadh an caiteachas seachfhoinsithe ar áireamh i dTáillí Gairmiúla, agus cuireadh na costais phárolla a bhaineann le rannóg iniúchóireachta inmheánaí na hOllscoile ar áireamh sna costais foirne don tréimhse.

D'íoc an Ollscoil speansais ab fhiú €421 le comhaltaí den Chomhlacht Ceannais le linn na tréimhse chuntasaíochta dhá mhí dhéag.

Rinne an Ollscoil íocaíochtaí ab fhiú €55,222 le páirtithe seachtracha chun imscrúduithe a dhéanamh ar nithe acmhainní daonna inmheánacha le linn na tréimhse. Is ar áireamh i dTáillí Gairmiúla agus Costais Chomhairleachta atá €354,214 i leith costais dlí. Íocadh éileamh cúitimh €9,000 le linn na bliana airgeadais.

Baineann Táillí Gairmiúla agus Costais Chomhairleachta don bhliain 2022 leis na táillí seo a leanas i leith comhairleacht sheachtrach agus comhairleoirí seachtracha:

| | € |
|---|---|
| Táillí dlí | 354,214 |
| Caidreamh poiblí/margaíocht | 206,814 |
| Seirbhísí oideachais | 557,910 |
| Comhairleacht TF | 1,287,549 |
| Comhairleacht maidir le bainistíocht | 179,743 |
| Comhairleacht maidir le dearadh eagraíochta | 3,139,842 |
| Pinsean agus acmhainní daonna | 144,291 |
| Táillí gairmiúla maoine | 290,248 |
| Comhairle chánach agus airgeadais | 144,353 |
| Seirbhísí liachta | 318,642 |
| Oiliúint | 7,500 |

| | |
|---|---|
| Comhpháirtí oideachais pobail | 602,002 |
| Táillí gairmiúla eile | 723,855 |

## 11. Cánachas

Tá an Ollscoil díolmhaithe ó Cháin Chorparáide faoi ordú um stádas carthanúil.
Tá an fhochuideachta darb ainm Synergy Innovation and Growth DAC faoi réir Cáin Chorparáide ar bhonn tráchtála.

Cuimsíonn an muirear cánach na nithe seo a leanas:

| | 2022<br>€'000 | 2021<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Cáin reatha ar bhrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí** | | |
| Cáin chorparáide na hÉireann ar bhrabús fochuideachtaí don tréimhse | 15 | 10 |
| **Cáin reatha iomlán** | 15 | 10 |
| **Cáin iarchurtha** | | |
| Difríochtaí uainithe a bhunsamhaltú agus a aisiompú | - | - |
| **Cáin iarchurtha iomlán** | - | - |
| Sciar de cháin an chomhfhiontair | - | - |
| **Cáin iomlán ar bhrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí** | **15** | **10** |

Réiteach an speansais cánach a thabhaigh an fhochuideachta darb ainm Synergy Innovation and Growth:

Is mar a leanas atá na difríochtaí idir an muirear cánach iomlán atá léirithe thuas agus an tsuim a ríomhadh trí ráta caighdeánach cánach corparáide na hÉireann a chur i bhfeidhm i leith an bhrabúis roimh cháin:

| | 2022<br>€'000 | 2021<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Barrachas don tréimhse / don bhliain roimh cháin** | 61 | 26 |
| Barrachas don tréimhse / don bhliain roimh chánachas ag ráta caighdeánach cánach corparáide na hÉireann - 25% | 15 | 7 |
| Tionchar na nithe seo a leanas: | | |
| - Difríochtaí uainithe | | 3 |
| **Cáin reatha iomlán** | **15** | **10** |

**12. Réadmhaoin, gléasra agus trealamh**

| | Talamh agus Foirgnimh €'000 | Foirgnimh CPP €'000 | Sócmhainní atá á dtógáil €'000 | Daingneáin agus feistis €'000 | Trealamh ríomhaire €'000 | Gléasra agus innealra €'000 | Troscán agus trealamh €'000 | Mótar-fheithiclí €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | | | | | | |
| Ag an 1 Meán Fómhair 2021 | 292,046 | 259,967 | 6,836 | 74,260 | 29,854 | 18,048 | 49,913 | 262 | 731,186 |
| Breiseanna sa tréimhse | 1,040 | - | 6,468 | 1,862 | 1,793 | 2,575 | 2,326 | 10 | 16,074 |
| Diúscairtí sa tréimhse | - | - | - | - | (10) | - | - | - | (10) |
| **Ag an 31 Lúnasa 2022** | **293,086** | **259,967** | **13,304** | **76,123** | **31,637** | **20,623** | **52,239** | **272** | **747,250** |
| **Dímheas** | | | | | | | | | |
| Ag an 1 Meán Fómhair 2021 | 98,594 | - | - | 45,728 | 21,847 | 16,494 | 40,927 | 195 | 223,785 |
| Muirear don tréimhse | 5,793 | - | - | 3,365 | 4,439 | 333 | 2,713 | 41 | 16,684 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | - | - | - | - | (10) | - | - | - | (10) |
| **Ag an 31 Lúnasa 2022** | **104,387** | **-** | **-** | **49,094** | **26,276** | **16,827** | **43,640** | **236** | **240,459** |
| **Glanluach leabhar** | | | | | | | | | |
| **Ag an 31 Lúnasa 2022** | **188,699** | **259,967** | **13,304** | **27,029** | **5,361** | **3,796** | **8,599** | **36** | **506,791** |
| Ag an 1 Meán Fómhair 2021 | 193,452 | 259,967 | 6,836 | 28,530 | 8,007 | 1,554 | 8,986 | 67 | 507,399 |

B'ionann ceangaltais léasa ag an 31 Lúnasa 2022 agus €135.415m (2020: €141.578m). Den luach sin, baineann €126.29m le ceangaltais léasa don chuid eile den chomhaontú comhpháirtíochta príobháidí poiblí 25 bliana a rinneadh sa bhliain airgeadais 2021, mar atá leagtha amach i Nóta 18 leis na ráitis airgeadais. Tá ceangaltais eile léasa ab fhiú €9.125m leagtha amach i Nóta 20 leis na ráitis airgeadais.

I mí Iúil 2018, rinne an Ollscoil léas 20 bliain is fiú €531,000 in aghaidh na bliana ar fhoirgneamh chun saoráidí foirne sa bhreis a sholáthar. Mar gheall ar lochtanna ar struchtúr an fhoirgnimh, a aimsíodh le linn oibreacha athchóirithe i mí an Mhárta 2020, chuir an Ollscoil moill ar an bhfoirgneamh a áitiú. Réitigh an tiarna talún na lochtanna a sainaithníodh, agus d'áitigh an Ollscoil an foirgneamh den chéad uair i mí Iúil 2021. Tionscnaíodh imeachtaí dlí ina dhiaidh sin in aghaidh an tiarna talún i ndáil leis na costais a thabhaigh an Ollscoil mar gheall nach raibh sí in ann an t-áitreabh a áitiú ó mhí Iúil 2018 go mí Iúil 2021. Tá na himeachtaí dlí sin fós ar siúl.

Sa bhliain 2019, dhiúscair an Ollscoil an campas a bhí aici ar Shráid Chaoimhín. Tá díospóid ar siúl i ndáil le mion-saincheist teidil a bhaineann leis an díol sin, rud atá ina ábhar do phróiseas dlí. Is féidir go n-aisghabhfaidh an Ollscoil roinnt dá costais de bharr thoradh an cháis dlí. Aithníodh gach costas den sórt sin i Ráitis Airgeadais roimhe. Éisteadh an cás i mí na Nollag 2022, agus tugadh an breithiúnas ón gCláraitheoir Contae an 28 Iúil 2023. Rinne ceannaitheoir champas Shráid Chaoimhín achomharc in aghaidh an bhreithiúnais ón gCláraitheoir Contae chuig an gCúirt Chuarda ó shin i leith.

## Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Lúnasa 2022

**12. Réadmhaoin, gléasra agus trealamh – i leith na bliana roimhe**

| | Talamh agus Foirgnimh €'000 | Foirgnimh CPP €'000 | Sócmhainní atá á dtógáil €'000 | Daingneáin agus feistis €'000 | Trealamh ríomhaire €'000 | Gléasra agus innealra €'000 | Troscán agus trealamh €'000 | Mótar-fheithiclí €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | | | | | | |
| Ag an 1 Meán Fómhair 2020 | 271,778 | - | 2,153 | 59,141 | 24,070 | 17,773 | 44,037 | 262 | 419,214 |
| Breiseanna sa tréimhse | 20,268 | 259,967 | 4,683 | 15,135 | 5,784 | 275 | 5,876 | - | 311,987 |
| Diúscairtí sa tréimhse | - | - | - | - | - | - | - | - | - |
| **Ag an 31 Lúnasa 2021** | **292,046** | **259,967** | **6,836** | **74,276** | **29,854** | **18,048** | **49,913** | **262** | **731,201** |
| **Dímheas** | | | | | | | | | |
| Ag an 1 Meán Fómhair 2020 | 93,382 | - | - | 43,463 | 19,994 | 16,139 | 38,797 | 154 | 211,929 |
| Muirear don tréimhse | 5,212 | - | - | 2,283 | 1,853 | 355 | 2,130 | 41 | 11,874 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | - | - | - | - | - | - | - | - | - |
| **Ag an 31 Lúnasa 2021** | **98,594** | **-** | **-** | **45,746** | **21,847** | **16,494** | **40,927** | **195** | **223,803** |
| **Glanluach leabhar** | | | | | | | | | |
| **Ag an 31 Lúnasa 2021** | **193,452** | **259,967** | **6,836** | **28,530** | **8,007** | **1,554** | **8,986** | **67** | **507,399** |
| Ag an 1 Meán Fómhair 2020 | 178,397 | - | 2,153 | 15,677 | 4,076 | 1,634 | 5,240 | 108 | 207,285 |

## 13. Sócmhainní airgeadais

Bhí leas ag an Ollscoil sna fochuideachtaí seo a leanas le linn na tréimhse iniúchóireachta:

| Foghnóthais coinnithe | Príomhghníomhaíocht | Leas | Easnamh |
|---|---|---|---|
| Synergy Innovation and Growth DAC | Ionad forbartha eolaíochta atá dírithe ar an nuálaíocht a chur chun cinn agus a fhorbairt | 85.71% | €288,264 |

Synergy Innovation and Growth DAC, ar ar tugadh Growcorp Advisory Services Limited roimhe sin.

Is ag 3015 Céide an Locha, Campas Gnó Iarthar na Cathrach, Baile Átha Cliath 24, atá oifig chláraithe agus áit ghnó an fhoghnóthais atá liostaithe thuas.

Tá ról ag Comhlachas Tráchtála Bhaile Átha Cliath Theas maidir le Synergy Innovation and Growth DAC a bhainistiú agus a oibriú ó bunaíodh é, agus sealbhaíonn an Comhlachas Tráchtála ceann amháin de na seacht scair, agus ainmníonn sé duine amháin den seachtar comhaltaí den Bhord.

Tá na barrachais uile a ghineann Synergy Innovation and Growth DAC á n-úsáid chun iasachtaí a thug an Ollscoil ar airleacan a aisíoc, agus sealbhaíonn an Ollscoil muirear ar shócmhainní Synergy Innovation and Growth DAC. B’ionann an glanbharrachas tar éis cánachais do Synergy Innovation and Growth DAC don bhliain airgeadais agus €46,532, rud atá léirithe sna ráitis airgeadais seo.

Corpraíodh cuideachta gníomhaíochta ainmnithe (DAC) an 20 Meitheamh 2018 ionas go bhféadfaí iarratas a dhéanamh ar chistiú ó Fhiontraíocht Éireann faoin gCiste Forbartha Fiontar Réigiúnach. Is é LINC Collaboratory DAC an t-ainm atá ar an gcuideachta. Cláraíodh é mar chuideachta gníomhaíochta ainmnithe faoi theorainn scaireanna faoi Chuid 16 d’Acht na gCuideachtaí, 2014. Athchláraíodh é ina dhiaidh sin mar Chuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta i mí Iúil 2021. B’ionann an glanbharrachas tar éis cánachais do LINC Collaboratory DAC don bhliain airgeadais agus €306,773, rud atá léirithe sna ráitis airgeadais seo.

Tá Fondúireacht Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath ina cuideachta theoranta arb é an phríomhghníomhaíocht atá aici tacú le hOllscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath oideachas agus taighde a chur chun cinn trí dhaonchairdeas. Is í an bhliain airgeadais 2021/2022 an chéad bhliain ina bhfuil an Ollscoil ag léiriú na Fondúireachta laistigh de na ráitis airgeadais chomhdhlúite. Le linn na tréimhse, leithdháil an Ollscoil cistí ab fhiú €1.061m san iomlán ar Fhondúireacht Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, chun tacú le caiteachas oibriúcháin €1.080m na Fondúireachta. Dhámh Fondúireacht Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath scoláireachtaí agus sparánachtaí ab fhiú €453,965 san iomlán do mhic léinn Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Tá €341,526 den tsuim sin léirithe i nDeontais Taighde agus Conarthaí don tréimhse, agus tá cuntas tugtha ar an gcuid eile in Ioncam Eile. Is é €1,255,690 an glanioncam don bhliain airgeadais, mar atá léirithe sna ráitis airgeadais.

Leagtar amach sa tábla seo a leanas luachanna na sócmhainní agus na ndliteanas in-sainaitheanta a rannchuidigh ár bhfochuideachtaí leis an Ollscoil amhail an 1 Meán Fómhair 2021:

| | **€'000** |
|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | 58 |
| **Sócmhainní Reatha** | |
| Airgead agus coibhéisí airgid | 2,653 |
| **Sócmhainní Iomlána** | **2,711** |
| **Suimeanna iníoctha a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin** | (164) |
| **Glansócmhainní/(Glandliteanais)** | 2,547 |

Leanann fochuideachtaí na hOllscoile le hoibriú chun na gcríoch ar chucu a bunaíodh iad agus chun na gcríoch sin amháin. Leanann siad le téarmaí agus coinníollacha an toilithe faoinar bunaíodh iad a chomhlíonadh ina n-iomláine.

### 14. Sócmhainní oidhreachta

Ní shealbhaíonn an Ollscoil leibhéal ábhartha sócmhainní oidhreachta.

**Saothair ealaíne**

Ní shealbhaíonn an Ollscoil leibhéal ábhartha saothar ealaíne.

### 15. Suimeanna Infhaighte

| | 2022 | 2021 Mar atá Athluaite Nóta 28 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Suimeanna Infhaighte Trádála | 2,649 | 2,304 |
| Deontais Taighde agus Conarthaí is Infhaighte | 3,902 | 3,976 |
| Deontas stáit is infhaighte | 3,431 | 5,006 |
| Táillí Acadúla is Infhaighte | 2,084 | 1,167 |
| Réamhíocaíochtaí | 2,737 | 2,758 |
| Suimeanna Infhaighte Eile | 1,141 | 294 |
| | 15,943 | 15,505 |

### 16. Airgead agus Coibhéisí Airgid

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Airgead sa Bhanc, lena n-áirítear Iarmhéideanna atá á gCoimeád ar Thaisce Ghearrthéarmach | 91,769 | 83,580 |
| | 91,769 | 83,580 |

### 17. Suimeanna Iníoctha: suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin

| | 2022 | 2021 Mar atá Athluaite Nóta 28 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Suimeanna Iníoctha Trádála | 470 | 418 |
| Deontais Taighde agus Conarthaí a Fuarthas Roimh Ré | 43,455 | 30,817 |
| Táillí Teagaisc a Fuarthas Roimh Ré | 7,999 | 7,933 |
| Deontas Stáit a Fuarthas Roimh Ré | 7,698 | 11,178 |
| Ioncam Iarchurtha | 18,092 | 6,346 |
| Fabhruithe agus Creidiúnaithe Eile | 14,879 | 23,106 |
| Muirear Aonadach | 2,485 | 2,403 |
| Cáin Eile agus Slándáil Shóisialach | 12,854 | 6,517 |
| | 107,931 | 88,718 |

**18. Suimeanna Iníoctha:** suimeanna a bheidh dlite tar éis níos mó ná bliain amháin

| | Ceangaltais Airgeadais CPP | |
|---|---|---|
| | **2022** | **2021** |
| | **€'000** | **€'000** |
| Laistigh de bhliain amháin | 5,381 | 5,381 |
| Idir dhá bhliain agus cúig bliana | 21,524 | 21,524 |
| Tar éis cúig bliana | 99,385 | 104,766 |
| Ceangaltais Iomlána | **126,290** | **131,671** |
| Lúide: Muirir Airgeadais | (39,044) | (41,982) |
| Suim Ghlanluacha an Dliteanais | **87,246** | **89,689** |
| **Atá aicmithe mar a leanas:** | | |
| Suimeanna Iníoctha (suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin) | 2,484 | 2,403 |
| Suimeanna Iníoctha (suimeanna a bheidh dlite tar éis níos mó ná bliain amháin) | 84,762 | 87,286 |

Is ionann é seo agus glanluach reatha an dliteanais maidir le ranníocaíochtaí ó Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath i leith muirir aonadacha (a bhaineann le foirgnimh na gcearnóg Láir agus Thoir ar Champas Ghráinseach Ghormáin) ar feadh thréimhse an chomhaontaithe comhpháirtíochta príobháidí poiblí.

**19. Ceangaltais Íocaíochta Seirbhíse i leith na Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí**

| | **2022** | **2021** |
|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** |
| Suim Ainmniúil: | | |
| Comhaontú comhpháirtíochta príobháidí poiblí – cearnóga Láir agus Thoir Ghráinseach Ghormáin | 104,901 | 106,416 |

Tá na ceangaltais atá nochta thuas forordaithe sa chomhaontú comhpháirtíochta príobháidí poiblí (mar atá nochta sa Ráiteas faoi Bheartais Shuntasacha Chuntasaíochta), agus baineann siad le sciar Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath de chostais seirbhísí bainistíochta saoráidí, de chostais oibriúcháin agus de chostais saolré ar feadh na coda eile de thréimhse feidhme an chomhaontaithe. Tá na costais sin sa bhreis ar an ngné chaipitil de na muirir aonadacha atá tuairiscithe i Nóta 18, rud a taifeadadh mar dhliteanas de chuid na hOllscoile ag an 31 Lúnasa 2022. Innéacsaítear iad ag 2% in aghaidh na bliana (ón mbliain 2023 i leith), agus ní lascainítear iad de réir luach reatha.

**20. Ceangaltais Léasa**

Is mar a leanas atá na híocaíochtaí íosta léasa iomlána amach anseo faoi léasanna neamh-inchealaithe:

| | **Talamh agus Foirgnimh** | | **Eile** | **Eile** |
|---|---|---|---|---|
| | **2022** | **2021** | **2022** | **2021** |
| | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| Laistigh de bhliain amháin | 782 | 782 | - | - |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Idir dhá bhliain agus cúig bliana | 2,591 | 2,833 | - | - |
| Tar éis cúig bliana | 5,753 | 6,292 | - | - |
| Ceangaltais Iomlána | 9,125 | 9,907 | - | - |

**21. Deontais Chaipitil Iarchurtha**

| | 2022<br>€'000 | 2021<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Ag an 1 Meán Fómhair 2020** | | |
| Iarmhéid Tosaigh | 307,794 | 149,493 |
| **Suim a fuarthas sa tréimhse** | | |
| Suim a Leithdháileadh ó Dheontais Athfhillteacha Stáit | 3,477 | 4,078 |
| Suim a Leithdháileadh ó Dheontais Eile Stáit | 3,260 | 9,880 |
| Deontais Taighde agus Conarthaí | - | 901 |
| Gné státchistithe de shócmhainní comhpháirtíochta príobháidí poiblí – nach n-amúchtar thar thréimhse feidhme an chomhaontaithe seirbhíse | - | 154,070 |
| Aistriú (chuig an)/ón gCúlchiste Forbartha Caipitil | (6,274) | - |
| **Iomlán** | 463 | 168,929 |
| **Suim a amúchadh chuig ioncam agus caiteachas sa tréimhse** | | |
| Muirear Amúchta Sócmhainní Státchistithe | (11,487) | (10,587) |
| Scaoileadh Deontais Caipitil a bhaineann le Diúscairt | - | - |
| Dímheas Sócmhainní Seasta Fochuideachtaí | - | (41) |
| **Iomlán** | (11,487) | (10,628) |
| Iarmhéid deiridh | 296,770 | 307,794 |

**22. Cúlchiste Forbartha Caipitil**

| | 2022<br>€'000 | 2021<br>€'000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid Tosaigh | 37,036 | 36,304 |
| Aistriú chuig Cúlchistí Ioncaim | - | (15) |
| Aistriú ó Chúlchistí Ioncaim | 436 | 747 |
| Aistriú ó Dheontais Chaipitil Iarchurtha/(chuig Deontais Chaipitil Iarchurtha) | - | - |
| Iarmhéid Deiridh | 37,472 | 37,036 |

Ar aon dul le beartas cuntasaíochta na hOllscoile (féach Nóta beartais l thuas), is ionann an cúlchiste forbartha caipitil agus na cistí a chuir an Ollscoil i leataobh chun críocha sonraithe forbartha caipitil, go háirithe chun forbairtí caipitil a chistiú ag campas Ghráinseach Ghormáin. Tá gealltanas ann idir an Ollscoil agus Ionadaithe do Mhic Léinn go n-úsáidfear cuid den chúlchiste seo chun saoráidí mac léinn a fhorbairt ar na campais uile. Tá

cineál agus méid na saoráidí sin faoi réir comhaontú idir Aontas Mac Léinn Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath agus an Ollscoil.

**23. Ceangaltais Chaipitil**

| | 2022 €'000 | 2021 €'000 |
|---|---|---|
| Nithe ar conraíodh dóibh agus nár cuireadh ar fáil | 2,320 | 9,594 |
| Nithe a údaraíodh agus nár conraíodh dóibh | - | - |
| | 2,320 | 9,594 |

Baineann €1.005m (2021: €7.752m) den cheangaltas seo leis an bhFoirgneamh Sláinte agus Áineasa Eolaíochta Spóirt ag campas Thamhlachta a thógáil. Fuair Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath deontas caipitil €7.716m ón Údarás um Ard-Oideachas i dtreo an tionscadal sin a chistiú. Tá íocaíochtaí agus ceangaltais i leith fhorbairt champas Ghráinseach Ghormáin mionsonraithe i Nóta 26 thíos.

**24. Páirtithe Gaolmhara**

Is í an bhliain airgeadais 2021/2022 an chéad bhliain ina bhfuil an Ollscoil ag léiriú na Fondúireachta laistigh de na ráitis airgeadais chomhdhlúite. Le linn na tréimhse, leithdháil an Ollscoil cistí ab fhiú €1.061m san iomlán ar Fhondúireacht Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, chun tacú le caiteachas oibriúcháin €1.080m na Fondúireachta. Dhámh Fondúireacht Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath scoláireachtaí agus sparánachtaí ab fhiú €453,965 san iomlán do mhic léinn Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Tá €341,526 den tsuim sin léirithe i nDeontais Taighde agus Conarthaí don tréimhse, agus tá cuntas tugtha ar an gcuid eile in Ioncam Eile. Is é €1,255,690 an glanioncam don bhliain airgeadais, mar atá léirithe sna ráitis airgeadais.

Tá mionsonraí faoi Luach Saothair an Phríomhphearsanra Bainistíochta léirithe i Nóta 9. Ba é €203,619 (2021: €200,270) an tuarastal iomlán agus na sochair iomlána a íocadh leis an Uachtarán don bhliain airgeadais. Ba é €3,906,585 (2021: €3,616,600) an luach saothair iomlán a íocadh leis an bpríomhphearsanra bainistíochta don bhliain airgeadais.

**25. Soláthairtí**

Coimeádann Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath soláthar €200,000 do na costais mheasta aischuir a bhaineann le foirgneamh ar léas atá áitithe ag an gClár Printíseachta i dTamhlacht. Tá an soláthar sin ar áireamh i Suimeanna Iníoctha (Nóta 17) faoin bhfo-cheannteideal Fabhruithe agus Creidiúnaithe Eile.

**26. Íocaíochtaí le Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin**

Tá Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin freagrach as láithreán 73 acra a fhorbairt i Lár Cathrach Thuaidh Bhaile Átha Cliath. Is leis an Acht um Ghníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin (2005) a rialaítear an ghníomhaireacht. Is é cuspóir na forbartha cuid mhór láithreacha reatha de chuid na hOllscoile a chomhdhlúthú ina gcampas amháin. I mí Mheán Fómhair 2014, athlonnaíodh 1,100 mac léinn chuig campas Ghráinseach Ghormáin. Athlonnaíodh 10,000 mac léinn eile sa bhliain 2021. D'aistrigh a bhformhór ó champas Shráid Chaoimhín agus ó champas Shráid Chathail Brugha.

Amhail an 31 Lúnasa 2022, bhí iasachtaí ab fhiú €137.48 milliún fós le híoc ag an Ollscoil le Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin. Is mar fhéichiúnaí fadtéarmach a chaitheann an Ollscoil leis na híocaíochtaí a dhéantar le Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin. Laghdaítear an iasacht de réir mar a fhorbraítear foirgnimh agus a aistrítear chuig an Ollscoil iad. Aithnítear na foirgnimh mar shócmhainní seasta ansin.

| | 31 Lúnasa 2022 | 31 Lúnasa 2021 |
|---|---|---|
| Iasacht Ghníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin: | €'000 | €'000 |
| Iarmhéid tosaigh | 140,953 | 185,809 |

| | | |
|---|---|---|
| Suim a aistríodh chuig Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin le linn na tréimhse | - | 50 |
| Aistriú an Tí Íochtair | - | (19,800) |
| Caiteachas a thabhaigh an Ollscoil i leith Ghníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin | - | - |
| Cistí a fuarthas ó Ghníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin | (3,610) | (25,106) |
| Iarmhéid deiridh | 137,343 | 140,953 |

Chun forbairt an champais a éascú, coinneoidh Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin úinéireacht ar thailte agus maoin eile, a n-oibríonn an Ollscoil roinnt díobh faoi mheascán de cheadúnais agus de léasanna. Athbhreithneofar stádas na sócmhainní sin gach bliain, agus aithneoidh an Ollscoil iad mar Shócmhainní Seasta nuair a bheidh siad faoi rialú iomlán ag an Ollscoil. Comhaontaíodh creat um aistriú maoine le Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin, agus aistreofar teidil talún agus mhaoine ón nGníomhaireacht chuig an Ollscoil de réir mar a aithnítear na sócmhainní mar shócmhainní de chuid Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath.

**27. Costais Sochair Scoir**

*(i) Soláthar Foirne*

Rinne achtúire cáilithe neamhspleách luacháil achtúireach iomlán sa bhliain reatha.

*(ii) Tuairisc ar Scéimeanna*

*Scéim na hOllscoile*

Is ionann an scéim pinsean agus socrú pinsin tuarastail deiridh sochair shainithe. Sainítear na sochair agus na ranníocaíochtaí a ghabhann léi bunaithe ar rialacháin maidir leis an scéim "eiseamláireach" earnála poiblí. Leis an scéim, soláthraítear pinsean (aon ochtódú in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce nó cnapshuim (trí ochtódú in aghaidh na bliana seirbhíse), agus pinsin céilí agus leanaí. Is é 65ú breithlá an chomhalta an Ghnáthaois Scoir, agus beidh comhaltaí a d'iontráil roimh an mbliain 2004 i dteideal dul ar scor gan aon laghdú achtúireach tráth a bhainfidh siad 60 bliain amach. Is gnách go méadaíonn pinsin atá á n-íoc (agus atá á n-iarchur) ar aon dul leis an mboilsciú ginearálta i dtuarastail earnála poiblí. Coinníonn an Ollscoil na hasbhaintí a thógtar ó bhaill foirne.

*Scéim Aonair*

Tá baill foirne is iontrálaithe nua, atá fostaithe ag an Ollscoil ón 1 Eanáir 2013 i leith, ina gcomhaltaí den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair de réir an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. De réir an Achta, aistrítear na hasbhaintí a thógtar ó thuarastail foirne faoin Scéim Aonair chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe gach mí.

Tá an Scéim Aonair ina scéim pinsean ceirde do sheirbhísigh phoiblí is iontrálaithe nua a earcaíodh ón 1 Eanáir 2013 i leith. Is scéim sochair shainithe í. Tá na sochair scoir a ghabhann léi bunaithe ar phá meánghairme. Leis an scéim, gintear creidmheasanna pinsin agus creidmheasanna cnapshuime scoir do gach comhalta den scéim. Tugtar "suimeanna is inchurtha" ar na creidmheasanna airgid sin, agus fabhraíonn siad mar chéatadáin de phá ar bhonn leanúnach. Déantar na suimeanna is inchurtha a fhabhraítear gach bliain a athluacháil gach bliain ar aon dul le méaduithe boilscithe (an tInnéacs Praghsanna do Thomhaltóirí) go dtí go rachaidh an comhalta ar scor. Is ionann an pinsean bliantúil a dhámhtar tráth an scoir agus iomlán carnach na suimeanna is inchurtha i leith phinsean an chomhalta den scéim. Mar an gcéanna, is ionann an chnapshuim a dhámhtar tráth an scoir agus iomlán na suimeanna is inchurtha i leith chnapshuim an chomhalta den scéim. Toimhdítear go méadóidh pinsin atá á n-íoc ar aon dul le boilsciú. Is é 2.45% an ráta toimhdithe boilscithe ag an dáta luachála, rud atá ag teacht leis an mboilsciú intuigthe bunaithe ar thorthaí babhtála ar ghnáthbhannaí agus ar bhannaí innéacsnasctha a bhfuil fad ama cuí ag baint leo (úsáideadh ráta 1.85% ag an 31 Lúnasa 2021).

*Luacháil*

Tá an luacháil a úsáidtear le haghaidh nochtadh FRS 102 bunaithe ar luacháil achtúireach iomlán a ndearna achtúire cáilithe neamhspleách í, agus aird á tabhairt ar cheanglais FRS ar mhaithe le dliteanais na scéime ag an 31 Lúnasa 2022 a mheas. Tráth an scoir, is í an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte a íocann pinsin na gcomhaltaí thar ceann na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, agus gearrtar na híocaíochtaí sin ar chuntas leithreasa na Roinne sin. Dá bhrí sin, rinneadh iarfhostaithe de chuid na hOllscoile atá ag fáil pinsin a eisiamh ón luacháil. Is mar ghnóthachan ó thaithí a léirítear an laghdú sa dliteanas a eascraíonn as comhaltaí a bheith ag dul ar scor le linn na bliana, agus sainaithnítear ar leithligh é sa réiteach dliteanais.

**27. Costais Sochair Scoir (ar lean.)**

Ba mar a leanas a bhí na príomhthoimhdí achtúireacha a úsáideadh chun na comhpháirteanna den chostas sochair shainithe don tréimhse dhá mhí dhéag dar críoch an 31 Lúnasa 2022 a ríomh:

| | **31 Lúnasa 2022** | **31 Lúnasa 2021** |
|---|---|---|
| Ráta Lascaine | 3.60% | 1.40% |
| Ráta Boilscithe | 2.45% | 1.85% |
| Méaduithe Tuarastail | 3.70% | 3.10% |
| Méaduithe Pinsin | 3.20% | 2.60% |

Leis an mbonn mortlaíochta a ghlactar, déantar soláthar d'fheabhsuithe ar ionchas saoil le himeacht ama, a fhágann go mbeidh an t-ionchas saoil tráth an scoir ag brath ar an mbliain ina mbainfidh an comhalta aois scoir amach (65 bliana d'aois).

Mar gheall ar a ísle atá an líon comhaltaí den scéim agus an líon básanna, níltear in ann aon mheastacháin fhiúntacha shonracha a anailísiú ná a tháirgeadh don scéim seo maidir le leibhéil mhortlaíochta amach anseo. Is é seo an meánionchas saoil amach anseo de réir na dtáblaí mortlaíochta a úsáidtear chun na dliteanais phinsin a chinneadh:

| | **31 Lúnasa 2022** | **31 Lúnasa 2021** |
|---|---|---|
| | **Blianta** | **Blianta** |
| Fear atá 65 bliana d'aois | 21.9 | 21.9 |
| Bean atá 65 bliana d'aois | 24.3 | 24.3 |

*(iii) Anailís ar chostais iomlána sochair scoir a gearradh ar an Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach*

| | **31 Lúnasa 2022** | **31 Lúnasa 2021** |
|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** |
| Costas Seirbhíse Reatha | 59,563 | 54,634 |
| Ús ar Dhliteanais na Scéime Sochair Scoir | 16,832 | 12,632 |
| Ranníocaíochtaí ó Fhostaithe | (10,893) | (10,099) |
| | 65,502 | 57,167 |

**27. Costais Sochair Scoir (ar lean.)**

*(iv) Gluaiseacht i nglanoibleagáidí sochair scoir le linn na tréimhse airgeadais*

| | **31 Lúnasa 2022** | **31 Lúnasa 2021** |
|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** |
| Glanoibleagáid Sochair Scoir ag an 1 Eanáir | 1,202,367 | 1,121,044 |
| Glanchostais Seirbhíse Reatha | 48,670 | 44,535 |
| Ranníocaíochtaí ó Fhostaithe | 10,893 | 10,099 |
| Costais Úis | 16,832 | 12,632 |
| Caillteanais/(Gnóthachain) ó Thaithí ar Dhliteanais | - | 13,890 |
| Laghdú i ndliteanais phinsin a d'eascair as daoine a bheith ag dul ar scor sa tréimhse | (18,242) | (36,490) |
| Athruithe i dToimhdí Achtúireacha | (345,494) | 36,657 |
| Glanoibleagáidí Sochair Scoir Deiridh | 915,026 | 1,202,367 |
| Atá roinnte idir | | |
| An Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair | 30,287 | 32,516 |
| Scéim Aoisliúntais na hEarnála Oideachais | 884,739 | 1,169,851 |

*(v) Sócmhainn cistiúcháin iarchurtha le haghaidh sochair scoir*

De réir I.R. Uimh. 581 de 2012, tá an Ollscoil forordaithe mar údarás iomchuí chun críocha na scéime aonair. Is é tuairim na hOllscoile (de réir alt 44 d'Acht 2012) go bhfritháireofaí aon dliteanas i leith na Scéime Aonair trí shócmhainn choibhéiseach i leith cistiú stáit amach anseo a aithint.

Is ar bhonn sraith toimhdí atá tuairiscithe thuas agus ar bhonn roinnt eachtraí san am atá thart a aithníonn an Ollscoil suimeanna atá dlite ón Stát don dliteanas neamhchistithe iarchurtha le haghaidh sochair scoir a bhaineann le Scéim Aoisliúntais na hEarnála Oideachais, 2015. Áirítear leis na heachtraí sin an bonn reachtúil don scéim sochair scoir a bhunú, agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair i ndáil le pinsin seirbhíse poiblí a chistiú, lena n-áirítear ranníocaíochtaí ó fhostaithe agus an próiseas meastachán bliantúil. Níl aon fhianaise ag an Ollscoil nach leanfaidh an beartas cistiúcháin sin le freastal ar na suimeanna sin i gcomhréir leis an gcleachtas reatha.

Ba mar a leanas a bhí an glanchistiú iarchurtha le haghaidh sochair scoir a aithníodh sa Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach:

| | **31 Lúnasa 2022** | **31 Lúnasa 2021** |
|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** |
| Cistiú In-aisghabhála i leith an scoir | 65,502 | 57,167 |
| Costais Sochair | 65,502 | 57,167 |

B'ionann an dliteanas cistiúcháin iarchurtha le haghaidh sochair scoir amhail an 31 Lúnasa 2022 agus €915,026.

**27. Costais Sochair Scoir (ar lean.)**

*(vi) Stair na n-oibleagáidí sochair shainithe*

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Oibleagáidí Sochair Shainithe | 915,026 | 1,202,367 |

**28. Coigeartú ar Fhigiúirí na Tréimhse Roimhe – Deontas Athfhillteach Stáit don Bhliain Airgeadais ón 1 Meán Fómhair 2020 go dtí an 31 Lúnasa 2021**

Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an dóigh a ríomhtar Deontais Athfhillteacha Stáit, shainaithin Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath earráidí sa dóigh ar ríomhadh an Deontas Athfhillteach Stáit a aithníodh in ioncam agus an Deontas Athfhillteach Stáit is Infhaighte/Iníoctha do na blianta airgeadais 2019, 2019/20 agus 2020/21. Ba é an toradh a bhí ar na hearráidí sin go ndearnadh an cúlchiste ioncaim tosaigh amhail an 1 Meán Fómhair 2020 a rómheas faoi €4.53 milliún. Rinneadh an t-ioncam agus an barrachas roimh cháin don tréimhse airgeadais go dtí an 31 Lúnasa 2021 a rómheas faoi €2.47 milliún. D'fhág sé sin gurbh ionann agus €7 milliún an rómheastachán carnach ar ghlansócmhainní don tréimhse airgeadais go dtí an 31 Lúnasa 2021. Léirítear sna ráitis airgeadais seo na suimeanna athluaite don bhliain 2021 tar éis coigeartú a dhéanamh ar fhigiúirí na bliana roimhe amhail an 31 Lúnasa 2021. Ba é an toradh a bhí air sin ná laghdú €7 milliún i gcúlchistí amhail an 31 Lúnasa 2021 agus barrachas athluaite €0.078 milliún don tréimhse airgeadais.

| **Achoimre ar an gcoigeartú ar fhigiúirí na tréimhse roimhe:** | **2021** | **2020** | **2019** |
|---|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| (Rómheastachán)/Gannmheastachán ar Ioncam Deontais Stáit a Aithníodh | (2,471) | (4,820) | 290 |
| (Rómheastachán)/Gannmheastachán ar Ghlansócmhainní | (7,001) | (4,530) | 290 |

**29. Eachtraí tar éis an Chláir Comhardaithe**

Ní raibh aon eachtraí suntasacha ann ó dheireadh na bliana a mbeadh impleachtaí acu do na Ráitis Airgeadais seo.

**30. Ceadú na ráiteas airgeadais**

Rinne an Comhlacht Ceannais na ráitis airgeadais a cheadú an 29 Samhain 2023.